AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.10.2023
COM(2023) 654 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú an mhargaidh carbóin Eorpaigh in 2022 de bhun Airteagail 10(5) agus 21(2) de Threoir 2003/87/CE

{SWD(2023) 346 final}

Liosta giorrúchán

CEF DI	Ionstraim Fiachais na Saoráide um Chónascadh na hEorpa
CEMS	Córais Leanúnach Tomhais Astaíochtaí
CORSIA	Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta
EEA	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
EEX	An Malartán Fuinnimh Eorpach
EFTA	Comhlachas Saorthrádála na hEorpa
BEI	An Banc Eorpach Infheistíochta
ESMA	an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí
AE	An tAontas Eorpach
CTA AE	Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh
AE27	Ballstáit an Aontais Eorpaigh
EUTL	Loga Idirbheartaíochta an Aontais Eorpaigh
ICAO	An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta
InnovFin EDP	Tionscadail Taisealbhaidh Fuinnimh InnovFin
IOSCO	An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús
IPCC	An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide
MSR	Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh
PNFA	Plean náisiúnta maidir leis an aeráid agus fuinneamh
NER	An Cúlchiste le haghaidh Iontrálaithe Nua
TNAC	Líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht

Ábhar

1. Réamhrá 3
2. Forbairtí tábhachtacha reachtacha 4
2.1. Athchóiriú ar CTA AE i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip 4
2.2. Treoir CTA i gcomhthéacs an Rialacháin REPowerEU 5
3. Cumhdach CTA AE 6
3.1. Áireofar muiriompar faoi raon feidhme CTA AE ó 2024 ar aghaidh 8
4. Caidhp ar astaíochtaí 9
5. Lamháltais a chur ar ceant 12
6. Leithdháileadh saor in aisce lamháltas 15
7. Ioncaim ó thrádáil astaíochtaí 17
7.1. Costais charbóin indíreacha 18
7.2. An Ciste don Nuálaíocht 21
7.3. An Ciste don Nuachóiriú 23
8. Laghduithe astaíochtaí in ETS an Aontais 25
9. Soláthar agus éileamh a chothromú i margadh carbóin an Aontais 30
10. Eitlíocht 31
11. Formhaoirseacht margaidh 35
12. Creat chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí 36
12.1. Faireachán agus tuairisciú 37
12.2. Creidiúnú agus fíorú 38
12.3. Údaráis inniúla 39
12.4. An chomhlíontacht in CTA an Aontais 40
13. Nasc idir ETS an Aontais agus ETS na hEilvéise 41
14. CTA AE i gcomhthéacs rialachas aeráide agus fuinnimh an Aontais 43
15. Conclúidí agus forléargas 44

1. Réamhrá

Is bunchloch de bheartas aeráide an Aontais é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE), atá deartha chun astaíochtaí a laghdú ar bhealach costéifeachtach. I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, leagann CTA AE teorainn síos agus cuireann sé praghas carbóin ar astaíochtaí ó na hearnálacha fuinnimh agus tionsclaíochta chomh maith leis an eitlíocht san Eoraip, atá freagrach as thart ar 40 % d'astaíochtaí iomlána an Aontais. Trí leas a bhaint as fórsaí an mhargaidh chun praghas carbóin a chinneadh, cruthaíonn an córas dreasacht chun astaíochtaí a laghdú nuair is lú a chosnaíonn sé a leithéid a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, socraíonn praghsanna carbóin an t-ioncam a ghineann CTA an Aontais le haghaidh infheistíochta i ngníomhú ar son na haeráide agus i gclaochlú fuinnimh.

Ó seoladh é in 2005, chuidigh CTA AE le hastaíochtaí ó ghiniúint leictreachais agus teasa agus ón táirgeadh tionsclaíoch a bhrú síos 37,3 %[1], agus breis agus EUR 152 bhilliún in ioncam ceant á ghiniúint aige lena dháileadh ar na Ballstáit. Is mó a d'úsáid na Ballstáit an t-ioncam sin go háirithe chun infheistíochtaí i gclaochlú fuinnimh agus i ndícharbónú a chistiú, chomh maith le bearta sóisialta chun tacú leis an aistriú glas. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh laghduithe ar astaíochtaí, lena n-áirítear ar fud earnálacha eile, chun na spriocanna aeráide uile-gheilleagair faoin Dlí Aeráide Eorpach a bhaint amach[2]. Tá CTA AE ríthábhachtach chun é sin a bhaint amach ar bhealach cost-éifeachtúil.

Chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi lár an chéid, tá an tAontas tiomanta d'astaíochtaí a laghdú faoi 2030 go dtí ar a laghad 55 % faoi bhun leibhéil 1990. I mí Iúil 2021, chuir an Coimisiún Eorpach i láthair pacáiste athchóirithe beartais, Oiriúnach do 55, chun an sprioc sin a bhaint amach[3], lena n-áirítear athchóiriú ar CTA AE. Faoi mhí an Mheithimh 2023, bhí Parlaimint na hEorpa agus na Ballstáit i gComhairle an Aontais Eorpaigh tar éis an t-athchóiriú sin agus athchóirithe gaolmhara eile a fhormheas. Beidh éifeacht ag an gcuid is mó de na hathruithe ar chreat CTA AE ó 2024 ar aghaidh.

Cuirtear san áireamh sa tuarascáil seo feidhmiú CTA AE in 2022 agus sa chéad leath de 2023 – faoi na rialacha roimh an athbhreithniú. Déanann sí achoimriú ar mhórfhorbairtí reachtacha, soláthraíonn sí léargas cothrom le dáta ar phríomheilimintí chreat an chórais agus tiomsaíonn sí torthaí eatramhacha treochtaí astaíochtaí agus ioncam ceant. Cuirtear an tuarascáil i láthair i gcomhréir le hAirteagail 10(5) agus 21(2) de Threoir 2003/87/CE[4] (Treoir CTA). Tá sí bunaithe den chuid is mó ar shonraí ó Chlárlann an Aontais, ó Loga Beartaíochta an Aontais

[1] Astaíochtaí CTA ó shuiteálacha sna hearnálacha cumhachta agus tionscail in 2021, gan an Ríocht Aontaithe, gan ach an earnáil chumhachta i dTuaisceart Éireann, i gcomparáid le luach coigeartaithe astaíochtaí CTA ó 2005 ag breathnú ar an raon feidhme céanna. Bunaithe ar bhreathnóir sonraí CTA na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, arna mbaint an 29.8.2023.

[2] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021).

[3] An Comhaontú Glas don Eoraip a sholáthar, An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, 14.7.2021.

[4] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003).

Eorpaigh (EUTL) agus tuarascálacha arna gcur isteach ag na Ballstáit faoi Airteagal 21 den Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh. Tá doiciméad teicniúil ag gabháil léi mar aon le faisnéis fhorlíontach (Doiciméad inmheánach oibre[5]).

2. Forbairtí tábhachtacha reachtacha

Sa chéad leath de 2023, glacadh leasuithe tábhachtacha ar chreat CTA AE i gcomhthéacs an phacáiste Oiriúnach do 55 agus mar chuid de fhreagairt an Aontais ar an ngéarchéim fuinnimh (REPowerEU). Tá achoimre ar na forbairtí sin sa chaibidil seo. Tabharfar cuntas mionsonraithe orthu i dtuarascálacha amach anseo ar fheidhmiú CTA AE a luaithe a bheidh éifeacht acu.

2.1. Athchóiriú ar CTA AE i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip

Baineann na hathchóirithe seo a leanas a rinneadh mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' le Treoir CTA nó le reachtaíocht ghaolmhar. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2023, glacadh na hathchóirithe uile.

i. Athchóiriú a mhéadaíonn uaillmhian CTA AE – arna ghlacadh an 10 Bealtaine 2023[6].

ii. Athchóiriú chun Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a neartú – arna ghlacadh an 19 Aibreán 2023[7].

iii. Athchóiriú ar CTA AE maidir le heitlíocht – arna ghlacadh an 18 Eanáir[8] agus an 10 Bealtaine 2023[9].

iv. Athchóiriú ar na rialacha maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú ar astaíochtaí ó mhuiriompar – arna ghlacadh an 16 Bealtaine 2023[10].

---

[5] SWD(2023) 346

[6] Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh a bhunú agus a fheidhmiú le haghaidh chóras trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023). Féach an téacs comhdhlúite.

[7] Cinneadh (AE) 2023/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le líon na lamháltas atá le cur i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh chóras trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2030 (IO L 110, 25.4.2023). Féach an téacs comhdhlúite.

[8] Cinneadh (AE) 2023/136 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann leis an bhfógra maidir le frithláireamh i leith beart domhanda margadhbhunaithe d'oibreoirí aerárthaí atá bunaithe san Aontas (IO L 19, 20.1.2023).

[9] Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (IO L 130, 16.5.2023).

[10] Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí muiriompair a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha breise long (IO L 130, 16.5.2023).

v. Athchóiriú lena gcruthaítear an Ciste Aeráide Sóisialta chun comhlánú a dhéanamh ar an gcóras trádála astaíochtaí nua maidir le foirgnimh, iompar ar bhóthar agus tionscal astaírí beaga – arna ghlacadh an 10 Bealtaine 2023[11].

vi. Athchóiriú lena mbunaítear Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha – arna ghlacadh an 10 Bealtaine 2023[12].

Leis na hathchóirithe sin, cuireadh dlús le laghduithe ar astaíochtaí faoi Threoir CTA. Ina theannta sin, leathnaíodh raon feidhme na trádála astaíochtaí chuig muiriompar faoin gcóras atá ann cheana (féach Caibidil 3.1) agus chuig foirgnimh, iompar ar bhóthar agus tionscal astaírí beaga tríd an gcóras nua trádála astaíochtaí (CTA 2) a chuirfear ar bun ó 2027 ar aghaidh. Neartaítear creat CTA AE a thuilleadh chun a áirithiú go n-oibríonn an córas go rianúil chun an uaillmhian níos airde a bhaint amach. An tráth céanna, slógadh fiú níos mó acmhainní ó thrádáil astaíochtaí chun tacú le dícharbónú brostaithe, bunaithe ar nuálaíocht agus atá cothrom go sóisialta – trí ioncam ceant a dháiltear ar bhuiséid náisiúnta, an Ciste don Nuálaíocht agus an Ciste don Nuachóiriú arna sholáthar ag CTA an Aontais agus ag an gCiste Aeráide Sóisialta. Cruthaíodh an Ciste Aeráide Sóisialta in éineacht le CTA 2 chun aon éifeacht shóisialta a bhaineann le praghsáil carbóin in earnálacha nua a mhaolú.

Beidh éifeacht ag formhór na n-athruithe ón 1 Eanáir 2024, ach tá cuid acu i bhfeidhm cheana féin. Déantar cur síos ar thorthaí na n-athchóirithe thuasluaite ar fud na tuarascála, lena n-áirítear an cur chun feidhme leanúnach bunúsach.

2.2. Treoir CTA i gcomhthéacs an Rialacháin REPowerEU

Chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna agus ar thionchar na géarchéime fuinnimh a tharla de bharr chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, chuir an Coimisiún an plean REPowerEU ar aghaidh[13]. Áiríonn sé athchóirithe spriocdhírithe agus infheistíochtaí chun deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis, slándáil an tsoláthair fuinnimh a áirithiú, éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus dlús a chur leis an gclaochlú fuinnimh ghlain. Chun an plean a chur i ngníomh, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Rialachán 2023/435[14] (Rialachán REPowerEU) i mí Feabhra 2023.

Áirítear le Rialachán REPowerEU an Ciste don Nuálaíocht a shlógadh mar cheann de na foinsí cistithe chun an plean a chur chun feidhme. Thairis sin, leasaíonn sé Treoir CTA chun 27 milliún lamháltas neamh-leithdháilte a ordú ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, a thiocfadh chun bheith neamhbhailí ina mhalairt de chás, faoin 31 Nollaig 2030 chun an Ciste don Nuálaíocht a athshlánú. Mínítear é sin a thuilleadh i gCaibidlí 5 agus 8.

[11] Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 130, 16.5.2023).

[12] Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L 130 16.5.2023).

[13] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Plean REPowerEU (COM(2022) 230 final).

[14] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 (IO L 63, 28.2.2023).

3. Cumhdach CTA AE

Ó bhí 2021 ann, tá feidhm ag CTA AE i 27 mBallstát an Aontais agus tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) – an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua (tíortha CTA AE), chomh maith le gléasraí cumhachta i dTuaisceart Éireann[15]. Ó bhí Eanáir 2020 ann, tá CTA AE nasctha freisin le córas trádála astaíochtaí na hEilvéise. Tugtar tuairisc ar conas a oibríonn an nasc seo i gCaibidil 13.

Le CTA an Aontais cumhdaítear astaíochtaí ó ghiniúint leictreachais agus teasa, ó thionscal dianfhuinnimh agus ó eitlíocht san Eoraip. In 2022, chuimsigh na hastaíochtaí sin 36 % d'astaíochtaí iomlána an Aontais – ó 8 640 gléasra leictreachais agus teasa agus suiteálacha monaraíochta chomh maith le 390 oibreoir aerárthaigh ag eitilt idir aerfoirt sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus ó LEE go dtí an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe. Astaíonn formhór na suiteálacha in CTA an Aontais níos lú ná 50 000 tona de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (coibhéis CO_2) in aghaidh na bliana[16] (70,7 %). Ina measc sin, aicmítear 4 793 díobh mar shuiteálacha ag a bhfuil astaíochtaí ísle[17]. Astaíonn an chuid is mó de na suiteálacha atá fágtha idir 50 000 agus 500 000 tona de choibhéis CO_2 in aghaidh na bliana[18] (21,9 % den iomlán), agus ní astaíonn ach codán beag os cionn 500 000 de choibhéis CO_2 in aghaidh na bliana[19] (7,4 % den iomlán). Thuairiscigh tíortha CTA gur dúnadh 219 suiteáil in 2022, 133 acu mar gheall ar laghdú acmhainneachta go dtí faoi bhun leibhéal 20 meigeavata d'ionchur teirmeach. Tugann sé sin an líon suiteálacha faoi bhun na tairsí cumhdaigh faoi CTA AE. I Fíor 1léirítear miondealú na suiteálacha in CTA AE de réir leibhéal na n-astaíochtaí in 2022.


[15] Faoin bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann den Chomhaontú Brexit um Tharraingt Siar.

[16] Suiteálacha chatagóir A.

[17] Fothacar laistigh de shuiteálacha chatagóir A, ag a bhfuil astaíochtaí faoi bhun choibhéis 25 000 tona CO_2in aghaidh na bliana.

[18] Suiteálacha chatagóir B.

[19] Suiteálacha chatagóir C.



Fíor 1: An líon suiteálacha in aghaidh na catagóire astaíochtaí in 2022

Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, is féidir le tíortha suiteálacha ag a bhfuil astaíochtaí faoi bhun 25 000 tona de choibhéis CO_2 in aghaidh na bliana a eisiamh má chuirtear bearta malartacha i bhfeidhm chun astaíochtaí a laghdú[20]. Ó bhí 2021 ann, is féidir suiteálacha a eisiamh ó CTA AE freisin ar suiteálacha iad a astaíonn níos lú ná 2 500 tona de choibhéis CO_2 in aghaidh na bliana[21], chomh maith le haonaid chúlchiste nó chúltaca, nach n-oibrítear níos má ná 300 uair an chloig in aghaidh na bliana[22]. In 2022, roghnaigh 15 thír suiteálacha a eisiamh ón gcóras, agus bhí 4,2 Mt de choibhéis CO_2 i gceist leis na suiteálacha sin. Bhí sé sin cothrom le 0,32 % d'astaíochtaí ó shuiteálacha a áiríodh i CTA AE.

[20] Faoi Airteagal 27 de Threoir CTA.

[21] Faoi Airteagal 27a (1) de Threoir CTA. I ngach ceann de na 3 bliana roimh an bhfógra don Choimisiún. Eisiatar astaíochtaí ón mbithmhais.

[22] Faoi Airteagal 27a (3) de Threoir CTA.

Ó thaobh na heitlíochta de, bhí an chuid is mó de na 390 oibreoir rialáilte in 2022 ina n-oibreoirí tráchtála (67 % den iomlán)[23]. 174 oibreoir san iomlán (45 %) a cháiligh mar astaírí beaga[24], lena n-áirítear 126 oibreoir as na 129 n-oibreoir aerárthaigh neamhthráchtála.

I dteannta na n-astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin (CO_2), cumhdaítear le CTA AE an ocsaíd nítriúil (N_2O) ón aigéad nítreach, aidipeach, gliocsalach agus ó tháirgeadh an ghliocsail, agus na sárfhluaracarbóin (PFCanna) ó tháirgeadh príomhúil alúmanaim. In 2022, thuairiscigh 22 thír ceadanna le haghaidh ghníomhaíochtaí CTA inar scaoileadh astaíochtaí neamh-CO_2. Ba í an Iorua amháin a dhearbhaigh gníomhaíochtaí gabhála agus stórála carbóin. Taispeántar na tíortha a thuairiscíonn astaíochtaí neamh-CO_2 ó ghníomhaíochtaí CTA i dTábla 1 sa Doiciméad inmheánach oibre[25].

3.1. Áireofar muiriompar faoi raon feidhme CTA AE ó 2024 ar aghaidh

Faoi Threoir CTA athbhreithnithe, cumhdóidh CTA an Aontais astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar ó Eanáir 2024 ar aghaidh. Ar dtús, ní bhainfidh sí ach le hastaíochtaí CO_2 agus ansin astaíochtaí CH_4 (meatán) agus astaíochtaí N_2O ó 2026 ar aghaidh. Áirítear astaíochtaí ó gach long mór (de 5 000 olltonnáiste agus níos mó) a théann isteach i gcalafoirt an Aontais, gan beann ar an mbratach atá ar foluain acu, i leith:

- 50 % d'astaíochtaí ó mhuiraistir a thosaíonn nó a chríochnaíonn lasmuigh den Aontas (lena gceadaítear don tríú tír gníomh iomchuí a chinneadh maidir leis an sciar eile d'astaíochtaí);
- 100 % d'astaíochtaí a tharlaíonn idir dhá chalafort de chuid an Aontais agus nuair a bhíonn longa laistigh de chalafoirt an Aontais.

Is astaíre mór CO_2 é muiriompar, rud a ghineann thart ar 3-4 % d'astaíochtaí CO_2 iomlán an Aontais (os cionn 124 mhilliún tona de CO_2 in 2021) agus na hastaíochtaí uile ó thurais chuig an Aontas agus amach uaidh á gcur san áireamh[26]. Trí é a chuimsiú i CTA an Aontais áirithítear go rannchuidíonn an earnáil le cuspóirí aeráide an Aontais. Spreagfaidh sé sin tuilleadh éifeachtúlachta fuinnimh, réiteach ísealcharbóin, agus laghduithe ar an difríocht praghais idir breoslaí malartacha agus breoslaí muirí traidisiúnta.

Cuireann an córas leis na forálacha atá i bhfeidhm le haghaidh earnálacha eile de chuid CTA an Aontais chomh maith le Rialachán 2015/757[27] maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ó mhuiriompar. Tabharfar isteach oibleagáidí CTA don earnáil mhuirí

[23] Bheadh aerlíne paisinéirí a sholáthraíonn seirbhísí don phobal ina sampla d'oibreoir aerárthaigh tráchtála. Bheadh aerárthach faoi úinéireacht phríobháideach ina shampla d'oibreoir aerárthaí neamhthráchtála.

[24] I gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán (AE) 2018/2066 (féach fonóta 91).

[25] SWD(2023) 346

[26] *Report from the Commission – Fourth Annual Report from the European Commission on CO_2 Emissions from Maritime Transport (period 2018-2021)*, [Tuarascáil ón gCoimisiún – An Ceathrú Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún Eorpach maidir le hAstaíochtaí CO_2 ó Mhuiriompar (tréimhse 2018-2021)] 13.3.2023 (SWD(2023) 54 final).

[27] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015).

de réir a chéile. Le linn tréimhse tosaigh chéimnithe isteach, ní bheidh ar loingseoireacht ach lamháltais do chuid dá n-astaíochtaí a thabhairt suas mar a leagtar amach thíos.

- 2025: le haghaidh 40 % dá n-astaíochtaí arna dtuairisciú in 2024;
- 2026: le haghaidh 70 % dá n-astaíochtaí arna dtuairisciú in 2025;
- 2027 ar aghaidh: le haghaidh 100 % dá n-astaíochtaí tuairiscithe in 2026 agus blianta ina dhiaidh sin.

Ní dhéanann an cur chuige céimnithe isteach sin dochar do shláine comhshaoil CTA an Aontais mar, nuair a thabharfar suas níos lú lamháltais i gcomparáid leis na hastaíochtaí fíoraithe ó mhuiriompar in 2024 agus 2025, cealóidh na Ballstáit roinnt lamháltas a chomhfhreagraíonn don difríocht sin.

Déantar foráil le haghaidh clásal tuairiscithe agus athbhreithniúcháin chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na rialacha is infheidhme maidir leis an earnáil mhuirí, go háirithe chun iompraíocht sheachantach a bhrath agus aghaidh a thabhairt uirthi ag céim luath, agus chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO).

4. Caidhp ar astaíochtaí

Socraítear leis an gcaidhp in CTA an Aontais dearbhchainníocht uasta astaíochtaí a fhéadfaidh eintitis rialáilte a astú i gcaitheamh céim trádála. Comhfhreagraíonn sí don líon lamháltas arna n-eisiúint le linn na tréimhse sin. Laghdaítear an chaidhp ar bhonn bliantúil lena n-áirithiú go gcomhlíonann an tAontas a sprioc uileghabhálach um laghduithe astaíochtaí. Tugann sé sin cinnteacht d'eintitis rialáilte freisin maidir leis an tearcamas lamháltas lena bhfuil coinne.

Tá feidhm ag ríomhanna caidhpe ar leithligh maidir le hastaíochtaí ó shuiteálacha agus ó oibreoirí aerárthaí. In 2022, ba é 1 528 579 492 lamháltas an chaidhp ar astaíochtaí ó shuiteálacha. I gcás na heitlíochta, eisíodh 27 268 379 lamháltas in 2022.

Idir 2021-2023, laghdaigh an chaidhp de réir ráta 2,2 % in aghaidh na bliana. I gcás ríomh na caidhpe le haghaidh suiteálacha, tá an méid sin comhionann le 43 003 515 lamháltas in aghaidh na bliana. Taispeántar i dTábla 1 na figiúirí bliantúla a bhain le caidhp CTA AE ó bhí 2021 ann.

Tábla 1: Figiúirí bliantúla caidhpe CTA AE le haghaidh suiteálacha agus oibreoirí aerárthaí

Bliain	**Caidhp bhliantúil (suiteálacha)**	**Caidhp bhliantúil (eitlíocht)**
2021	1 571 583 007	28 306 545
2022	1 528 579 492	27 268 379


Faoi Threoir ETS athbhreithnithe, déantar an teorainn ar astaíochtaí a theannadh chun astaíochtaí a laghdú agus a thabhairt i gcomhréir le sprioc aeráide 2030 an Aontais – faoi 62 % faoi 2030 i gcomparáid le 2005. Chuige sin, méadaítear an fachtóir laghdaithe go 4,3 % in aghaidh na bliana in 2024-2027 agus 4,4 % in aghaidh na bliana ó 2028. Ina theannta sin,

laghdaítear an chaidhp faoi dhó – faoi 90 milliún lamháltas in 2024 agus faoi 27 milliún lamháltas in 2026.

Aithnítear cheana leis na coigeartuithe sin go n-áireofar astaíochtaí ó mhuiriompar in CTA an Aontais ó 2024 ar aghaidh. Méadaítear caidhp 2024 faoi 78,4 milliún lamháltas bunaithe ar mheánastaíochtaí na hearnála a tuairiscíodh do 2018 agus 2019. Ghlac an Coimisiún Cinneadh 2023/1575[28] chun na coigeartuithe ar an gcaidhp a mbeidh éifeacht acu in 2024 a chur san áireamh.

Léirítear i bhFíor 2 na hathruithe ar an gcaidhp ar fud gach céime de CTA an Aontais, lena n-áirítear na laghduithe atá le teacht.

[28] Cinneadh (AE) 2023/1575 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2023 maidir le cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais atá le heisiúint faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais do 2024 (IO L 192, 31.7.2023).



Fíor 2: Caidhp ar astaíochtaí in CTA AE i gcomparáid le hastaíochtaí fíoraithe (ag cur san áireamh athbhreithniú 2023 ar Threoir CTA, i.e. athbhunú in 2024 agus 2026, lena n-áirítear an earnáil mhuiriompair in 2024 agus an fachtóir laghdaithe línigh de 4,3 % in 2024-2027 agus 4,4 % ó 2028 ar aghaidh). Ní áirítear eitlíocht. De bharr athruithe ar an raon feidhme, níl figiúirí 2005-2007 inchomparáide go díreach leis na cinn is déanaí. Amhail ó 2021, ní chumhdaíonn CTA an Aontais suiteálacha sa Ríocht Aontaithe a thuilleadh, ní chuirtear san áireamh ach astaíochtaí ó ghineadóirí leictreachais i dTuaisceart Éireann. Eochair eolais: barraí (caidhp), barraí faoi scáth éadrom in 2014-2016 (lamháltais arna siarchoinneáil ó cheantanna), barraí faoi scáth éadrom ó 2019 (fothaí lamháltas chuig Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh), líne bhriste (astaíochtaí fíoraithe).

5. Lamháltais a chur ar ceant

Tá an cheantáil fós mar an príomh-mhodh chun lamháltais a leithdháileadh in CTA an Aontais, arb í is cúis le 57 % den chaidhp[29]. Is sa Rialachán maidir le Ceantáil a[30] shocraítear rialacha lena áirithiú go ndéantar ceantanna ar bhealach oscailte, trédhearcach, comhchuibhithe agus neamh-idirdhealaitheach. Is ann a shonraítear uainiú, riarachán agus gnéithe eile de lamháltais astaíochtaí a chur ar ceant.

In 2022, lean ceantanna ar aghaidh ag tarlú trí mheán an Mhalartáin Fuinnimh Eorpaigh AG (EEX):

- mar an comhardán ceantála le haghaidh 25 Bhallstát atá rannpháirteach i nós imeachta comhpháirteach;
- i gcás na Polainne, a roghnaigh gan a bheith páirteach sa nós imeachta comhpháirteach, ach nach bhfuil a hardán ceantála féin ceaptha go fóill aici;
- i gcás na hÍoslainne, Lichtinstéin, agus na hIorua, tar éis leasú a dhéanamh ar Chomhaontú LEE thiar in 2019 chun ligean dóibh a bheith rannpháirteach sa Chomhaontú maidir le Soláthar Comhpháirteach le haghaidh an chomhardáin ceantála;
- i gcás na Ríochta Aontaithe chun lamháltais a chur ar ceant le haghaidh gineadóirí leictreachais i dTuaisceart Éireann.

Rinne EEX ceantáil ar son na Gearmáine freisin mar an t-ardán ceantála don rogha gan a bheith páirteach.

Le Tábla 2, soláthraítear forbhreathnú de mhéideanna bliantúla na lamháltas a chuir EEX ar ceant ó bhí 2021 ann.

Tábla 2: Méid iomlán na lamháltas a cuireadh ar ceant (1 Eanáir 2021 go 30 Meitheamh 2023)

Bliain	Lamháltais ghinearálta	Lamháltais eitlíochta
2021	582 952 500	3 785 500
2022	482 389 000	3 698 000
2023 (go dtí an 30 Meitheamh)	247 762 000	2 326 500

San iomlán, reáchtáladh 222 cheant in 2022, agus cuireadh dhá cheann díobh sin ar ceal. An 1 Feabhra, cuireadh an ceant don chomhardán ceantála ar ceal de bharr fadhb theicniúil. I gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán maidir le Ceantáil, leithdháileadh méid

[29] Sa chleachtas, athraíonn an sciar beacht de réir mar a laghdaíodh an méid lamháltas a cuireadh ar ceant chun cur le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, cé nach bhfuil aon athrú ar an méid lamháltas atá curtha in áirithe le haghaidh leithdháileadh saor in aisce.

[30] Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2010 maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil liúntas astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal (IO L 302, 18.11.2010).

comhfhreagrach na lamháltas le linn na gceithre cheant ina dhiaidh sin. An 2 Márta, cuireadh an ceant don Pholainn ar ceal óir ba lú an méid iomlán arna thairiscint ná méid na lamháltas a cuireadh ar ceant. Cuireadh an ceant ar ceal i gcomhréir le hAirteagal 7(5) den Rialachán maidir le Ceantáil, agus b'amhlaidh arís a dáileadh an méid le linn na gcéad cheithre cheant eile. Sa chéad leath de 2023, reáchtáladh 109 gceant. Níor cuireadh aon cheant ar ceal le linn na tréimhse sin.

Ó mhí Iúil 2023, áirítear le méideanna ceantála na lamháltais a leithdháiltear ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta faoi Rialachán REPowerEU. Ginfidh lamháltais a chuirfear ar ceant faoi Rialachán REPowerEU EUR 20 billiún don tSaoráid faoin 31 Lúnasa 2026[31].

Le Fíor 3, soláthraítear forbhreathnú ar phraghsanna imréitigh an cheant i margadh carbóin an Aontais in 2022 agus sa chéad leath de 2023. An praghas ceantála is airde in 2022, is é sin EUR 97,51, baineadh amach é an 8 Feabhra. Taifeadadh an praghas is ísle de EUR 57,91 an 7 Márta 2022 le linn tréimhse ina raibh luaineacht mhéadaithe sa mhargadh a spreag ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin. Shroich an meánphraghas EUR 80,18 in 2022. Bhí an raon praghsanna níos cúinge sa chéad leath de 2023, idir EUR 75,04 (17 Eanáir) agus EUR 96,33 (28 Feabhra).

Foilsíonn an t-ardán ceantála torthaí mionsonraithe ó gach ceant go tráthrialta ar a shuíomh gréasáin[32]. Is féidir teacht ar faisnéise bhreise maidir le feidhmíocht ceantanna, lena n-áirítear rannpháirtíocht, cóimheasa cumhdaigh agus praghsanna, i dtuarascálacha ceantanna thíortha an chórais trádála astaíochtaí [33]

[31] Uasdátú rialála, Féilire na gceantanna athbhreithnithe 2023 foilsithe, An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, 23.7.2023.

[32] EEX, Ceantanna CTA AE.

[33] Tuarascálacha Ceantanna, An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, 30.6.2023.



Fíor 3: Praghsanna imréitigh i gceantanna lamháltas ginearálta (An 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023)

6. Leithdháileadh saor in aisce lamháltas

Cé gurb í an cheantáil an príomh-mhodh le lamháltais a leithdháileadh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, leithdháiltear méid suntasach de na lamháltais ar eintitis rialáilte saor in aisce chun aghaidh a thabhairt ar riosca an sceite carbóin[34]. Is beart idirthréimhseach é leithdháileadh saor in aisce atá dírithe go príomha ar an earnáil tionsclaíochta.

Sainaithnítear i Liosta Tiomnaithe um Sceitheadh Carbóin earnálacha atá i mbaol sceite carbóin atá incháilithe le leithdháileadh saor in aisce a fháil ag 100 % de na leibhéil tagarmhairc ábhartha. Sainaithnítear sa liosta le haghaidh 2021-2030[35] 63 earnáil agus fho-earnáil lena gcumhdaítear tuairim is 94 % d'astaíochtaí tionsclaíocha in CTA an Aontais.

Tá an leithdháileadh saor in aisce chuig earnálacha sonracha bunaithe ar thagarmharcanna feidhmíochta. Léirítear sna tagarmharcanna meándéine astaíochtaí in aghaidh an aonaid táirge ag an 10 % is éifeachtúla de shuiteálacha i ngach aon earnáil. Laghdaítear tagarmharcanna de réir a chéile chun méadú a chur ar an dreasacht chun dícharbónú a dhéanamh agus an nuálaíocht a bhrú ar aghaidh. In 2021, thug an Coimisiún cothrom le dáta luachanna thagarmharcanna CTA[36], a bhfuil feidhm acu sa chéad tréimhse leithdháilte (2021-2025). Déanfar na tagarmharcanna a thabhairt cothrom le dáta don dara tréimhse leithdháilte (2026-2030). De réir Threoir athbhreithnithe CTA, déanfar na rátaí laghdaithe bliantúla a mhéadú ansin chun tuilleadh claochlaithe tionsclaíoch a spreagadh: an ráta íosta ó 0,2 % go 0,3 % agus an t-uasráta ó 1,6 % go 2,5 %.

Ó 2021, déantar méid na leithdháiltí saor in aisce a choigeartú nuair a tharlaíonn athruithe sa táirgeadh tionsclaíoch[37]. Socraítear an tairseach le haghaidh coigeartuithe ag 15 % chun táirgeadh a mhéadú nó a laghdú. Ceanglaítear ar oibreoirí tuarascálacha bliantúla a chur isteach maidir le sonraí táirgeachta leis na húdarás náisiúnta ábhartha. Bunaithe ar na sonraí, féadfar coigeartuithe a dhéanamh do mhéid an leithdháilte shaor in aisce arna eisiúint. Mar thoradh ar an déine breise sin[38] tháinig méadú ar an líon coigeartuithe bliantúla ar mhéid na leithdháiltí

[34] Féadann sceitheadh carbóin tarlú má bhogtar gníomhaíochtaí arna rialáil ag CTA chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad ag a bhfuil beartais aeráide nach bhfuil chomh huaillmhianach céanna agus más rud é go dtagann méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána mar gheall ar sin.

[35] Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/708 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na hearnálacha agus na fo-earnálacha a chinneadh a mheastar a bhfuil riosca sceite carbóin ag baint leo sa tréimhse 2021 go 2030 (IO L 120, 8.5.2019).

[36] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún an 12 Márta 2021 lena gcinntear luachanna tagarmhairc athbhreithnithe maidir le lamháltais astaíochtaí a leithdháileadh saor in aisce le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2025 de bhun Airteagal 10a(2) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 87, 15.3.2021).

[37] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1842 ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le socruithe breise i gcomhair na gcoigeartuithe ar leithdháileadh saor in aisce lamháltas astaíochtaí mar gheall ar athruithe ar an leibhéal gníomhaíochta

(IO L 282, 4.11.2019).

[38] Go dtí 2020, socraíodh an tairseach ag 50 % le haghaidh laghduithe táirgeachta agus níor breithníodh méaduithe ach amháin nuair a bhí baint acu le hathruithe fisiceacha a mhéadaigh an acmhainneacht.

saor in aisce. Ba thart ar 3 600 é an meánlíon iarratas a cuireadh isteach in 2021 agus 2022, timpeall trí huaire níos mó ná an meán bliantúil suas go dtí 2020.

Socraíodh méid tosaigh an leithdháilte shaor in aisce le haghaidh 2021-2025 ag 2 791 mhilliún lamháltas le haghaidh 7 430 suiteáil. Agus praghas carbóin measta de EUR 85/tona coibhéis CO_2, bheadh luach thart ar EUR 47 mbilliún ar an leithdháileadh sin gach bliain le linn na tréimhse sin. Faoi lár na bliana 2023, ghlac an Coimisiún ocht gcinneadh[39] chun méideanna leithdháilte saor in aisce a choigeartú, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar na méideanna sin faoi 90,4 milliún lamháltas. I gcomhthráth leis sin áfach, ghlac an Coimisiún dhá chinneadh[40] lenar ceartaíodh méid tosaigh an leithdháilte shaor in aisce agus lenar cuireadh 3,4 milliún lamháltas leis. Bhí gá leis sin de bharr earráidí sna sonraí arna gcur isteach ag suiteálacha agus chun rialuithe cúirte a chur chun feidhme. Ar an bhforiomlán, laghdaíodh an leithdháileadh saor in aisce do 2021-2025 faoi 87 milliún lamháltas go dtí seo i gcomparáid leis an gcinneadh tosaigh.

Coigeartuithe a ghabhann leis an leibhéal de leithdháileadh saor in aisce a dhéantar ón gCúlchiste le haghaidh Iontrálaithe Nua (NER). Áirítear ar na coigeartuithe sin freisin athruithe ar an leithdháileadh de bharr oscailt nó dhúnadh suiteálacha. Ba é 331,3 milliún lamháltas méid tosaigh NER ag tús 2021. Áiríodh air sin lamháltais neamh-leithdháilte agus 200 milliún lamháltas ó Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh.

Déantar achoimre i dTábla 3 ar na leibhéil bhliantúla den leithdháileadh saor in aisce sa chéad tréimhse leithdháilte (idir leibhéil tosaigh agus choigeartaithe).

Tábla 3: Leithdháileadh saor in aisce in 2021-2025 (milliún lamháltas)

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025	Iomlán
Leithdháileadh saor in aisce tosaigh (AE-27 + an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua)	559.6	558.9	558.2	557.5	556.8	2 791.1
Leithdháileadh saor in aisce iarbhír	545,9	543,0	539,2	538,4	537,7	2 704.1
Leithdháileadh saor in aisce coigeartaithe agus ceartaithe	−13,7	−15,9	−19,0	−19,1	−19,1	−87,0

Déanann an t-athbhreithniú ar Threoir CTA leithdháileadh saor in aisce a ailíniú le CTA AE neartaithe. Leathnaíonn sí raon feidhme na ngníomhaíochtaí arna rialú ag an gcóras agus na

[39] Ghlac Údarás Faireacháin CSTE cinntí ar son na hÍoslainne, Lichtinstéin, agus na hIorua freisin.

[40] Ghlac Údarás Faireacháin CSTE cinntí ar son na hÍoslainne, Lichtinstéin, agus na hIorua freisin.

dtagarmharcanna[41] chun deireadh a chur le dídhreasachtaí chun teicneolaíochtaí nua a chur in úsáid, amhail hidrigin inathnuaite nó cruach atá bunaithe ar hidrigin. I gcomhthráth leis sin, tugtar isteach coinníollacha chun rochtain a fháil ar leithdháileadh saor in aisce i bhfoirm iniúchtaí fuinnimh agus, i gcás suiteálacha áirithe, pleananna um aeráidneodracht. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na rialacha cur chun feidhme maidir le leithdháileadh saor in aisce.

In earnálacha áirithe CTA (stroighin, alúmanam, leasacháin, hidrigin, iarann agus cruach), cuirfear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT) in ionad an leithdháilte shaor in aisce de réir a chéile ó 2026 ar aghaidh. Glacadh Rialachán 2023/956[42] (Rialachán SCCT) mar cheann de na hathchóirithe Oiriúnach do 55 chun an riosca sceite carbóin a mhaolú agus an tAontas ag cur lena uaillmhian aeráide. Tabhóidh allmhaireoirí táirgí in earnálacha SCCT muirear as na hastaíochtaí leabaithe atá coibhéiseach leis an méid a íocann táirgeoirí an Aontais faoi CTA AE. Tugann idirthréimhse a thosaíonn in 2023 an réimeas nua isteach de réir a chéile[43]. Úsáidfear an t-ioncam ó dheireadh a chur le lamháltais saor in aisce le haghaidh earnálacha SCCT chun buiséad Chiste don Nuálaíocht a mhéadú.

7. Ioncaim ó thrádáil astaíochtaí

Gineann CTA AE ioncam substaintiúil a úsáidtear chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn. Áirítear leis sin infheistíochtaí a mhaoiniú i gclaochlú fuinnimh, dícharbónú tionsclaíoch agus nuálaíocht teicneolaíochta chomh maith le bearta sóisialta chun tacú leis an aistriú glas. Ar an mbealach seo, is féidir nochtadh earnálacha CTA don phraghas carbóin a laghdú le himeacht ama freisin. Bíonn ioncam níos airde mar thoradh ar phraghas carbóin níos airde.

Téann an t-ioncam ó lamháltais ceantála in CTA an Aontais chuig buiséid na mBallstát go príomha. Ina theannta sin, tá cion de lamháltais á chur ar ceant chun an Ciste don Nuálaíocht agus an Ciste don Nuachóiriú a chistiú. Tháinig an Ciste don Nuálaíocht i gcomharbacht ar chlár NER 300, a bhí cistithe ag CTA an Aontais suas go dtí 2020. Áirítear i dTáblaí 2 agus 3 sa Doiciméad Inmheánach Oibre[44] miondealú ar ioncam CTA 2022 in aghaidh gach tír CTA AE agus léiríonn Tábla 4 ioncam a gineadh in 2022 don Chiste don Nuálaíocht agus don Chiste don Nuachóiriú. Cuimsíonn an Doiciméad inmheánach oibre[45] achoimre freisin ar chur chun feidhme NER 300 agus ar thionscadail a fhaigheann tacaíocht trína chistí (Tábla 5).

In 2022, ghin CTA an Aontais EUR 38,8 billiún san iomlán in ioncam ceant, EUR 7,7 billiún níos mó ná in 2021. As an méid sin, dáileadh EUR 29,7 billiún go díreach ar na Ballstáit[46].

[41] Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir CTA – gníomhaíochtaí faoi raon feidhme CTA AE.

[42] Féach fonóta 11.

[43] Glacann an Coimisiún rialacha mionsonraithe tuairiscithe do chéim idirthréimhseach an tSásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha, Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim, an 17 Lúnasa 2023.

[44] SWD(2023) 346

[45] SWD(2023) 346

[46] Tagann fuílleach na difríochta ó ioncaim arna gcomhthiomsú faoin gCiste don Nuálaíocht agus faoin gCiste don Nuachóiriú, chomh maith le hioncaim arna ndáileadh ar an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua móide an Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann.

Thuairiscigh siad gur chaith siad 76 % den ioncam sin ar an meán ar thionscadail a bhain leis an aeráid agus fuinneamh – mar a rinne siad in 2021 agus i gcomhréir leis an meánmhéid de 75 % idir 2013-2020. Cuirtear thart ar 25 % d'ioncam na mBallstát in áirithe do ghníomhaíochtaí sonracha aeráide agus fuinnimh, téann 27 % chuig cistí tiomnaithe comhshaoil agus téann 48 % chuig buiséid náisiúnta. Lean na Ballstáit freisin dá n-ioncam a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar thionchar sóisialta na géarchéime fuinnimh. Tá forbhreathnú níos mionsonraithe ar thuairisciú na mBallstát ar úsáid a n-ioncam CTA in 2022 le fáil i dTuarascáil 2023 ar an Dul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide[47].

Roimh an athbhreithniú is déanaí, ceanglaíodh ar na Ballstáit le Treoir CTA gur cheart do Bhallstáit 50 % ar a laghad dá n-ioncam ceantála[48], agus na hioncaim uile ó lamháltais eitlíochta, a úsáid le haghaidh cuspóirí aeráide agus fuinnimh. Leis an Treoir athbhreithnithe tugtar isteach oibleagáid ar na Ballstáit an t-ioncam uile ó CTA an Aontais[49] (nó méid comhionann) a chaitheamh ar an aistriú glas, lena n-áirítear bearta sóisialta. I gcomhthéacs an raon feidhme leathnaithe, spreagtar na Ballstáit freisin chun tacú le dícharbónú an mhuiriompair agus le cosaint na bithéagsúlachta muirí. Tháinig na rialacha caiteachais athbhreithnithe i bhfeidhm cheana féin an 5 Meitheamh 2023; cumhdóidh tuarascáil na bliana seo chugainn é sin.

7.1. Costais charbóin indíreacha

Féadann Ballstáit Státchabhair a dheonú mar chúiteamh ar roinnt tionscail dianfhuinnimh le haghaidh costais charbóin ag eascairt as astaíochtaí indíreacha, go sonrach ó phraghsanna arda leictreachais de bharr gineadóirí cumhachta lena gcuirtear costas ceannaithe na lamháltas ar aghaidh chuig tomhaltóirí. Le cur chun feidhme na cabhrach sin a chomhchuibhiú idir Ballstáit agus le saobhadh na hiomaíochta ar an margadh inmheánach a íoslaghdú, ghlac an Coimisiún treoirlínte CTA an Aontais maidir le Státchabhair. Cuireadh na treoirlínte sin i bhfeidhm maidir leis na costais indíreacha a tabhaíodh idir 2013-2020[50]. Rinneadh na treoirlínte a athbhreithniú in 2020 chun an tréimhse 2021-2030 a chumhdach[51].

In 2022, d'íoc na Ballstáit as costais indíreacha bunaithe ar na treoirlínte athbhreithnithe maidir le Státchabhair den chéad uair. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin gur thug siad fógra don Choimisiún um measúnú ar Státchabhair faoi scéimeanna don tréimhse nua, ar scéimeanna iad a formheasadh ina dhiaidh sin mar scéimeanna a bhí comhoiriúnach leis an margadh aonair.

[47] Le glacadh; COM(2023) 653 final.

[48] Lena n-áirítear lamháltais arna ndáileadh chun cuspóirí na dlúthpháirtíochta agus an fháis.

[49] Beidh feidhm ag an oibleagáid chéanna maidir le hioncam a ghinfear ó CTA 2 nua i ndáil le foirgnimh, iompar ar bhóthar agus tionscail astaírí beaga nuair a sheolfar í.

[50] *Guidelines on certain State aid measures in the context of the greenhouse gas emission allowance trading scheme post-2012* [Treoirlínte maidir le bearta státchabhrach áirithe i gcomhthéacs scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa i ndiaidh 2012] (IO C 158, 5.6.2012).

[51] Guidelines on certain State aid measures in the context of the system for greenhouse gas emission allowance trading post-2021 [Treoirlínte i ndáil le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais maidir le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021], (IO C 317, 25.9.2020).

I gcodarsnacht le 2021, chuir an Liotuáin deireadh lena cúiteamh costais indíreach in 2022. Mar sin féin, thug an tSlóivéin agus an Ostair scéimeanna nua isteach, ach ní chuirfear tús le híocaíochtaí ach in 2023. Ciallaíonn sé sin gur íoc 13 Bhallstát in 2022 leis an tionscal as costais indíreacha carbóin a thabhaigh suiteálacha in 2021. Is féidir an Phortaingéil a chur leis an liosta sin, ach níor glacadh lena scéim ach ag deireadh 2022, rud a chiallaíonn gur tharla íocaíochtaí níos déanaí agus níl aon sonraí ar fáil fós[52].

Laistigh de 3 mhí ó dheireadh gach bliana, ceanglaítear ar Bhallstáit ag a bhfuil scéim cúitimh ar chostais indíreacha i bhfeidhm an cúiteamh iomlán a íocadh a fhoilsiú, lena n-áirítear miondealú in aghaidh earnáil agus fho-earnáil na bhfaighteoirí. I dTábla 4 soláthraítear achoimre ar na sonraí a fhoilsíonn na Ballstáit i leith an chúitimh a íocadh in 2022. Cuirtear na méideanna cúitimh sin i gcomparáid le hioncam ceantála ó 2021 freisin[53].

[52] Féach cás Státchabhrach SA.100103. Is é EUR 25 mhilliún buiséad scéim na Portaingéile.

[53] Cé is moite d'ioncam ó lamháltais eitlíochta a chur ar ceant.

Tábla 4: Méideanna a íocadh in 2022 ar chostais indíreacha a tabhaíodh in 2021

Ballstát	Cúiteamh a íocadh ar chostais indíreacha a tabhaíodh in 2021 (milliún EUR)]	An líon rannpháirtithe (suiteálacha)	Ioncam ceantála in 2021[54] (milliún EUR)	Sciar de na hioncaim cheantála arna chaitheamh ar chostais indíreacha
An Bheilg (FL)	75.2	37	527,3	17,0 %
An Bheilg (WL)	14.2	15		
An tSeicia	30,3	27	601,9	5,0 %
An Ghearmáin	806	676	5 270.9	15,3 %
An Ghréig[55]	111.6	52	1 003.9	11,1 %
An Spáinn	244	211	2 452.4	10,0 %
An Fhionlainn	63,3	50	404,6	15,6 %
An Fhrainc	300,2	275	1 445.9	20,7 %
An Iodáil	146,8	229	2 495.8	5,9 %
Lucsamburg	12	4	7,3	176,7 %
An Ísiltír	59,8	59	894	6,7 %
An Pholainn	167,6	92	4 966.4	3.4 %
An Rómáin	126	29	480,1	26,2 %
An tSlóvaic	1	7	275,8	0,0 %

Thart ar EUR 2,16 billiún a bhí sna híocaíochtaí iomlána le haghaidh costais indíreacha a d'íoc na 13 Bhallstát sin in 2022. Is lú é sin ná an EUR 2,38 billiún a eisíocadh in 2021. Le Treoirlínte athbhreithnithe CTA, laghdaíodh an líon earnálacha atá incháilithe do chúiteamh. Tháinig laghdú ar an líon suiteálacha a fuair cabhair freisin: ó bhreis agus 2 000 in 2021, go dtí thart faoi 1 750 in 2022. Le Treoirlínte athbhreithnithe CTA, tugadh cothrom le dáta freisin na fachtóirí astaíochtaí a úsáideann na Ballstáit chun an t-uasmhéid cabhrach a ríomh, rud a d'fhág gurbh ísle na híocaíochtaí in aghaidh na meigeavatuaire den ídiú tagarmharcáilte. Ar an taobh eile, is é a mhalairt ar an méid státchabhrach foriomlán a mhéadú an éifeacht atá nuair a áirítear an earnáil scagtha mar aon le féidearthacht a thabhairt isteach chun an ranníocaíocht dhílis uasta le costais indíreacha a theorannú i gcás tionscail an-leictridhian (i.e., suas le 1,5 % d'oll-bhreisluach an tairbhí).

[54] Cé is moite d'ioncaim ó lamháltais eitlíochta a chur ar ceant.

[55] Tá figiúirí na Gréige sealadach. Ós rud é nár formheasadh a scéim chúitimh ach i mBealtaine 2023, ní raibh an cleachtadh eisíocaíochta tugtha chun críche fós tráth an tuairiscithe.

Faoi na scéimeanna nua a chuireann na Ballstáit chun feidhme, ba cheart do thairbhithe cuid den chabhair a athinfheistiú i dtionscadail lena n-ísleofaí a lorg carbóin díreach nó indíreach agus lena n-ísleofaí dá réir sin a neamhchosaint ar an riosca sceite carbóin.

An praghas carbóin a úsáideadh chun meastóireacht a dhéanamh ar chostais indíreacha a tabhaíodh in 2021 (arna ríomh mar mheánphraghas na dtodhchaíochtaí le haghaidh na bliana sin arna chlárú in 2020), ba é EUR 25,09 é, praghas carbóin a bhí beagnach comhionann leis an EUR 25,20 a úsáideadh le haghaidh costais indíreacha a tabhaíodh in 2020. Go hiondúil, bíonn buiséad ag na scéimeanna cúitimh a ríomhtar le haghaidh na tréimhse iomláine ar lena linn a bhíonn siad i bhfeidhm (ar tréimhse í a chumhdaíonn 2021-2030 i gcás fhormhór na mBallstát).

Tháinig laghdú ar íocaíochtaí na gcostas indíreach i dtéarmaí coibhneasta freisin. Íocaíochtaí iomlána na gcostas indíreach in 2022, ba iad 10,4 % d'ioncam ceantála 2021 a bhailigh na 13 Bhallstát. In 2021, chaith siad, ar an meán, 19,2 % dá n-ioncam ceantála ar chostais carbóin indíreacha. Ansin, ní hé an cúiteamh laghdaithe an príomhfhachtóir, ach an t-ioncam méadaithe ceantála in 2021 i gcomparáid le 2020.

Na Ballstáit a chaitheann níos mó ná 25 % dá n-ioncam ceantála ar chostais indíreacha in aon bhliain ar bith, ceanglaítear orthu tuarascáil a fhoilsiú freisin ina mínítear an fáth gur sháraigh siad an tairseach sin. In 2022, d'fhan formhór na mBallstát cuid mhaith faoi bhun na tairsí sin. Is é an méadú ar an ioncam ceantála an príomhspreagthóir ansin freisin. Dá ainneoin sin, chaith dhá Bhallstát níos mó ná 25 % dá n-ioncam ceantála ar íocaíochtaí na gcostas indíreach: Lucsamburg agus an Rómáin.

Ba mhó go mór caiteachas Lucsamburg ná a ioncam ceantála iomlán. Is mar gheall ar laghdú ar mhéid ceantála na tíre a bhí cuid mhór de sin, agus is é ba phríomhchúis leis an laghdú sin an úsáid a bhain Lucsamburg as lamháltais CTA chun astaíochtaí a fhritháireamh sna hearnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill ('Solúbthacht maidir le Comhroinnt Díchill'). Is é an ghlanéifeacht atá ann go bhfuair Lucsamburg méid ba lú ná leathmhéid an ioncaim in 2021 i gcomparáid le 2020. I ndearbhthéarmaí, is amhlaidh gur tháinig laghdú ar chúiteamh 2022 de chuid Lucsamburg i gcomparáid le 2021. Os a choinne sin, níor sháraigh an Rómáin an tairseach ach de bheagán agus mhínigh sí gur de thoradh an téarnaimh eacnamaíoch go páirteach a tharla sé sin, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar an táirgeacht agus ar an ídiú leictreachais tionsclaíoch.

7.2. An Ciste don Nuálaíocht

Is é CTA AE a chistíonn iomlán an Chiste don Nuálaíocht, agus tá sé ar cheann de na cláir chistiúcháin is mó ar domhan ar mhaithe le teicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha ísealcharbóin agus saor ó charbóin a chur in úsáid i bhfuinneamh, i dtionscal agus i soghluaisteacht le neodracht charbóin. Soláthraíonn an Ciste deontais le haghaidh tionscadail a bhfuil sé d'aidhm acu teicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin a chur in úsáid agus réitigh thionsclaíocha a chur ar an margadh chun an Eoraip a dhícharbónú agus chun tacú leis an aistriú chuig an aeráidneodracht.

Tugann an Coimisiún tuairisciú níos mionsonraithe ar leithligh ar chur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht. An dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht, tá coinne leis in R4-2023[56].

I dtéarmaí torthaí coincréiteacha go dtí seo, síníodh comhaontuithe deontais le haghaidh 16 thionscadal mhórscála agus 16 thionscadal mhionscála tar éis an dara babhta glaonna ar thograí a tugadh chun críche in 2022. Cisteofar an nuálaíocht le breis agus EUR 1,8 billiún san iomlán, sna hearnálacha stroighne, hidrigine, ceimiceán agus monaraíochta san áireamh, agus cuirfear an dícharbónú ar aghaidh in 8 dtír in CTA[57]. Cisteofar an nuálaíocht mhionscála le thart faoi EUR 60 milliún i roinnt earnálacha ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú, lena n-áirítear na hearnálacha gloine, stroighne, stórála fuinnimh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh[58].

Agus tacaíocht dáfa ar thionscadail sa tSeicia, sa tSlóivéin, sa Liotuáin agus sa Chipir, cuireadh feabhas ar chothromaíocht an Chiste don Nuálaíocht ar bhonn earnálach agus tíreolaíoch. Faoi mhí an Mheithimh 2023, i bpunann iomlán an Chiste don Nuálaíocht, áiríodh 69 dtionscadal a bhí á gcur chun feidhme le ranníocaíocht CTA EUR 3,1 billiún[59]. Nuair a bheidh siad curtha i gcrích, meastar leis na tionscadail sin, go laghdófar astaíochtaí ar coibhéis thart faoi 215 Mt CO_2 a bheadh iontu le linn na chéad 10 mbliana d'oibriú na dtionscadal.

Tá an dreasacht ó phraghas carbóin CTA an Aontais i gcás na dtionscadal sin i bhfad níos mó ná an méid cistiúcháin arb é an Ciste don Nuálaíocht a fhoinse. Mar shampla, tairbhe an phraghais charbóin le haghaidh cásanna gnó cuideachtaí de bharr na dtionscadal ar thacaigh an Ciste don Nuálaíocht leo go dtí seo, tá sé thart faoi EUR 17,3 billiún (costais charbóin a seachnaíodh mar gheall ar astaíochtaí níos ísle). Is léir gur mó an dreasacht sin ná an tacaíocht EUR 3,1 billiún ón gCiste don Nuálaíocht leis na tionscadail sin. Is é sin a léiríonn loighic CTA an Aontais, inarb é an praghas carbóin an phríomhdhreasacht fhadtéarmach, agus an dreasacht sin á forlíonadh ag an gCiste don Nuálaíocht chun dlús a chur le hathruithe[60].

I gcomhthráth leis sin, roghnaíodh 18 dtionscadal nár éirigh leo ón dara babhta glaonna (idir thionscadail mhórscála agus mhionscála) chun cúnamh forbartha tionscadail a fháil faoin gCiste don Nuálaíoch. Is é EUR 6,87 milliún atá sa tacaíocht sin, agus is é an Banc Infheistíochta Eorpach a chuireann ar fáil í. Ó thús an chláir, dámhadh cúnamh forbartha tionscadail ar 43 thionscadal, rud a fhágann go mbeidh cuid mhaith iarratas de dhea-cháilíocht ar na bacáin amach anseo.

---

[56] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht (COM/2022/416 final).

[57] Rannchuideoidh na tionscadail le hiarrachtaí dícharbónaithe i 6 Bhallstát, (an Bhulgáir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Pholainn, agus an tSualainn), chomh maith leis an Íoslainn agus an Iorua.

[58] *16 grants from the EU's Innovation Fund awarded to projects across Europe* [16 dheontas ó Chiste an Aontais don Nuálaíocht dáfa ar thionscadal ar fud na hEorpa], An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, 6 Meitheamh 2023.

[59] *Updated portfolio of projects signed under the Innovation Fund* [Punann nuashonraithe na dtionscadal arna síniú faoin gCiste don Nuálaíocht]..

[60] Aithris 20 de Threoir 2009/29/CE, a athdhearbhaíodh in aithris 14 de Threoir (AE) 2018/410.

Leis an tríú glao ar thionscadail mhórscála, díríodh go sonrach ar réimsí atá nasctha le plean REPowerEU an Aontais. I mí Iúil 2023, réamhroghnaíodh 41 tionscadal[61] chun comhaontuithe deontais a ullmhú le haghaidh ranníocaíocht EUR 3,6 billiún ón gCiste don Nuálaíocht, ranníocaíocht níos mó ná a bhí ann roimhe. Tá coinne leis go síneofar na comhaontuithe roimh dheireadh 2023. An tríú glao mionscála, lena ngabhann buiséad EUR 100 milliún, cuireadh deireadh leis an 19 Meán Fómhair 2023 agus 72 togra faighte.

Leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le CTA, déantar athruithe tábhachtacha ar an gCiste don Nuálaíocht. Tá an Ciste méadaithe ó thart faoi 450 go dtí thart faoi 530 milliún lamháltas, a bhfuil coinne le díol na lamháltas sin thart faoi EUR 40 milliún a chomhthiomsú in ioncam a bheidh ar fáil go dtí 2030[62]. Áirítear tuilleadh earnálacha i raon feidhme an Chiste - an earnáil mhuirí, an earnáil foirgníochta agus earnáil an iompair ar bhóthar. Chomh maith leis sin, tugtar eilimintí nua isteach i gcumhdach an Chiste chun é a ailíniú le riachtanais an mhargaidh ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear catagóir de thionscadail mheánscála agus sásraí cistiúcháin amhail nósanna imeachta tairisceana iomaíoch (ceantanna). Cé go bhfuil an Ciste dírithe ar an nuálaíocht cheannródaíoch fós, tá sé leathnaithe chun teicneolaíochtaí nuálacha a mhéadú agus ba cheart do na ceantanna cúnamh a thabhairt don mhéadú sin. I bhfianaise an athbhreithnithe, tá leasú déanta ar an Rialachán maidir leis an gCiste don Nuálaíocht 2019/856[63]. Tá coinne leis go rachaidh sé i bhfeidhm ag tús mhí na Samhna 2023.

An ceathrú glao ar thograí, lena gcumhdófar tionscadail ar mhionscála, ar mheánscála agus ar mhórscála, agus lena ngabhann buiséad EUR 4 bhilliún go sealadach mar aon leis an chéad cheant i gcás na hidrigine inathnuaite lena ngabhann buiséad EUR 800 milliún, seolfar roimh dheireadh 2023 é, faoi na rialacha athbhreithnithe. Is faoi na Ballstáit atá sé buiséid náisiúnta chun tacú le tionscadail bhreise a shannadh don cheant píolótach agus don cheant dá éis sin – is é sin an coincheap ‘Ceant mar Sheirbhís’ a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir leis an mBanc Hidrigine Eorpach[64].

7.3. An Ciste don Nuachóiriú

Is clár dlúthpháirtíochta é an Ciste don Nuachóiriú, a chistítear ó CTA AE. Tacaíonn sé le 10 mBallstát íseal-ioncaim[65] agus ó 2024, le 13 Bhallstát íseal-ioncaim chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a chomhlíonadh trí chuidiú leo tionscadail a chur in úsáid lena ndéantar córais fuinnimh a nuachóiriú agus feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Tagann a

[61] *EU invests €3,6 billion of emissions trading revenues* [EUR 3,6 billiún d’ioncam trádála astaíochtaí á infheistiú ag an Aontas], An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, 13 Iúil 2023.

[62] Ar phraghas carbóin measta EUR 75/tona CO_2.

[63] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht (IO L 140, 28.5.2019).

[64] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an mBanc Hidrigine Eorpach, 16.3.2023 (COM(2023) 156 final).

[65] Na chéad Bhallstáit is tairbhithe, ba iad an Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóvaic agus an Ungáir. Cuireadh an Ghréig, an Phortaingéil agus an tSlóivéin leo in athbhreithniú 2023 ar Threoir CTA.

bhuiséad ó sciar de chaidhp CTA an Aontais a chur ar ceant; leithdháiltear idir na Ballstáit is tairbhithe é de réir eochair sheasta[66].

Cuireann na Ballstáit tograí infheistíochta a roghnaíonn siad faoi bhráid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta chun measúnú a dhéanamh orthu. Ceanglaítear orthu, áfach, formhór a n-acmhainní faoin gCiste a úsáid ar infheistíochtaí tosaíochta a chuidíonn leo a n-aistriú fuinnimh a chur ar aghaidh. Déanann an Coimisiún cinneadh maidir le heisíocaíochtaí nuair a dheimhníonn BEI infheistíocht mar thosaíocht nó nuair a mholann Coiste Infheistíochta an Chiste í le haghaidh maoinithe mar infheistíocht nach tosaíocht í. Eisítear cinntí maidir le heisíocaíochtaí in dhá thimthriall gach bliain, lena gcumhdaítear infheistíochtaí sna Ballstáit uile is tairbhithe.

Thart faoi EUR 7,5 billiún, sin é na heisíocaíochtaí iomlána ón gCiste don Nuachóiriú ó Eanáir 2021, ar eisíocaíochtaí iad a dtairbhíonn na Ballstáit incháilithe uile díobh. Cuirtear na méideanna arna n-eisíoc in aghaidh an Bhallstáit i láthair i dTábla 5. I mí an Mheithimh 2023, rinne an Coimisiún an cúigiú cinneadh maidir le heisíocaíochtaí[67] faoin gCiste don Nuachóiriú. Ar an mbonn sin, rinne BEI íocaíochtaí ar luach EUR 2,4 billiún san iomlán le seacht mBallstát is tairbhithe[68] chun 31 togra infheistíochta a mhaoiniú. Cuireadh deireadh le glacadh na n-aighneachtaí le haghaidh babhta eile tograí faoin gCiste don Nuachóiriú an 15 Lúnasa 2023 i gcás tionscadail nach tosaíocht iad agus an 12 Meán Fómhair 2023 i gcás tionscadal tosaíochta.

[66] Iarscríbhinn IIb a ghabhann leis an Treoir CTA – Eochair leithdháilte an Chiste don Nuachóiriú.

[67] *Commission Decision of 30.5.2023 on the disbursement of revenues from the Modernisation Fund under Directive 2003/87/EC of the European Parliament and the Council* [Cinneadh ón gCoimisiún an 30.5.2023 maidir leis an ioncam a eisíoc ón gCiste don Nuachóiriú faoi Threoir 2003/87/CE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle] - An chéad timthriall eisíocaíochta débhliantúil de 2023 (C(2023) 3643 final).

[68] Leis an gcúigiú cinneadh maidir le heisíocaíochtaí faoin gCiste don Nuachóiriú, údaraíodh íocaíochtaí leis an Rómáin (EUR 1,1 billiún), an tSeicia (EUR 1 bhilliún), an Bhulgáir (EUR 197 milliún), an Pholainn (EUR 47 milliún), an Chróit (EUR 88 milliún), an Laitvia (EUR 5 mhilliún) agus an Liotuáin (EUR 1 mhilliún).

Tábla 5: Eisíocaíochtaí iomlána ón gCiste don Nuachóiriú (an 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2023)

Ballstát is Tairbhí	Méideanna eisíoctha ó 2021 (EUR milliún)
An Bhulgáir	196,6
An tSeicia	2 677.2
An Eastóin	87,0
An Chróit	210,0
An Ungáir	108.6
An Liotuáin	114,0
An Laitvia	5,0
An Pholainn	1 036.2
An Rómáin	2 558.2
An tSlóvaic	519,5
IOMLÁN	**7 512.2**

Leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le CTA, déantar athruithe tábhachtacha ar mhéid agus rialachas an Chiste don Nuachóiriú. Tá méid an Chiste méadaithe agus 110 milliún lamháltas curtha leis na 640 milliún lamháltas a bhí ann i dtosach báire. Tá an breisiú sin comhroinnte idir 13 Bhallstát is tairbhí – na 10 dtairbhí bunaidh móide an Ghréig, an Phortaingéil agus an tSlóivéin. Tá tuilleadh acmhainní fós ó CTA leithdháilte faoin gCiste ar acmhainní tosaíochta, agus tá an liosta tosaíochtaí leathnaithe. I bhfianaise an athbhreithnithe, tá leasú á dhéanamh ar an Rialachán maidir leis an gCiste don Nuálaíocht 2020/1001[69]. Tá sé sceidealaithe go nglacfar é in R4 2023. Rachadh an Rialachán leasaithe i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024, chun go mbeidh na rialacha nua i bhfeidhm cheana féin sa chéad timthriall eisíocaíochta an bhliain sin.

8. Laghduithe astaíochtaí in ETS an Aontais

In 2022, ba é coibhéis 1 362,1 milliún tona CO_2 iad astaíochtaí foriomlána in CTA an Aontais (síos ó choibhéis 1 364,9 milliún tona CO_2in 2021). Astaíochtaí ó shuiteálacha, ba é coibhéis 1 313 milliún tona CO_2 iad, 1,8 % ní ba lú ná in 2021. Is mar gheall ar shuiteálacha tionsclaíocha a bhí formhór na laghduithe astaíochtaí (−6,5 % in 2022). Tháinig méadú ar astaíochtaí ó ghiniúint an leictreachais agus an teasa don dara bliain as a chéile (+ 2,4 % in 2022). Is mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh san Eoraip go príomha a bhí an méadú sin agus

[69] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1001 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hoibriú an Chiste don Nuachóiriú lena dtacaítear le hinfheistíochtaí chun na córais fuinnimh a nuachóiriú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh Ballstát áirithe a fheabhsú (IO L 221, 10.7.2020).

mar gheall ar an úsáid ní b'airde dá éis sin a baineadh as breoslaí iontaise i nginiúint an leictreachais.


Tháinig laghdú 6,5 % ar astaíochtaí ó shuiteálacha tionsclaíocha in 2022 i gcomparáid le 2021. D'fhéadfaí laghduithe suntasacha a fheiceáil i dtáirgeadh clincir stroighne, muciarainn nó cruach, bulc-cheimiceán, aoil agus i gcailcíniú dolaimíte/maignéisíte agus amóinia. D'fhéadfaí méadú ar astaíochtaí a fheiceáil san earnáil scagtha ola mianra. Léirítear an treocht in astaíochtaí CTA ó shuiteálacha le blianta beaga anuas i dTábla 66.

Tábla 6. Astaíochtaí fíoraithe ó shuiteálacha in CTA AE [milliún tona].


Bliain	2019	2020	2021	2022
Astaíochtaí fíoraithe ó shuiteálacha do-aistrithe	1,530	1 356 (1,253 gan an Ríocht Aontaithe san áireamh)	1 337	1 313
Athrú bliain ar bhliain	−9,1 %	−11,4 %	−1,4 % (6,6 % gan an Ríocht Aontaithe san áireamh)	−1,8 %
Astaíochtaí fíoraithe ó ghiniúint an leictreachais agus an teasa	822	696 (653 gan an Ríocht Aontaithe san áireamh)	708	725
Athrú bliain ar bhliain	−14,7 %	−15,3 %	1,6 % (8,4 % gan an Ríocht Aontaithe san áireamh)	2.4 %
Astaíochtaí fíoraithe ón táirgeadh tionsclaíoch	708	660 (601 gan an Ríocht Aontaithe san áireamh)	629	588
Athrú bliain ar bhliain	−1,6 %	−6,9 %	−4,7 % (4,6 % gan an Ríocht Aontaithe san áireamh)	−6,5 %

Léiríonn Fíor 4 agus Fíor 5 an treocht in astaíochtaí ón dóchán breosla iontaise de réir suiteálacha in CTA an Aontais – san iomlán agus de réir cineál breosla, faoi seach. Ar an iomlán, is ag dul in ísle atá astaíochtaí. Mar sin féin, aisiompaíodh an treocht fhadtéarmach a bhí ann in 2022, is é sin an gás nádúrtha á chur in ionad na hantraicíte, rud atá nasctha leis an méadú mór ar phraghas an gháis nádúrtha. Ní chumhdaítear astaíochtaí bithmhaise faoi CTA AE; dá bhrí sin, ní áirítear iad sna luachanna astaíochta sna ranna eile den tuarascáil seo.

Léiríonn an fíor treocht ina bhfuil méadú ag teacht ar úsáid na bithmhaise ag suiteálacha CTA, agus 16,7 % sa bhreis ar astaíochtaí ó shuiteálacha CTA in 2022. Go dtí 2022, bhí astaíochtaí ó dhóchán bithmhaise nialas-rátaithe go ginearálta.



Fíor 4: Treocht in astaíochtaí iomlána ón dóchán breosla iontaise in CTA AE



Fíor 5: Treocht i sciar na n-astaíochtaí in aghaidh gach cineál breosla (% d'astaíochtaí breosla iomlána i suiteálacha CTA, ní léirítear lipéid mura sroicheann an breosla sciar os cionn 3 % den iomlán riamh)

ní chumhdaítear [*] leis na breoslaí sonraithe eile

Ón 1 Eanáir 2023[70], beidh feidhm ag critéir nua maidir le hinbhuanaitheacht agus coigilteas astaíochtaí de réir na Treorach maidir le Fuinneamh Inathnuaite[71] maidir le hastaíochtaí ón mbithmhais nialas-rátaithe i CTA AE. Áirítear leo critéir níos déine maidir le bithbhreoslaí agus bithleachtanna, agus critéir nua le haghaidh bithmhais sholadach agus ghásach.


Na breoslaí bithmhaise a chomhlíonann na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir um choigiltis gás ceaptha teasa is infheidhme nó nach gcumhdaítear leis na critéir sin, féadfar iad a mheas mar nialas-rátaithe. Ciallaíonn sé sin nach gcomhairtear a n-astaíochtaí CO_2 mar CO_2 iontaisí. Ní gá d'oibreoirí lamháltais CTA a ghéilleadh le haghaidh na n-astaíochtaí nialas-rátaithe sin. Dá bhrí sin, i bhFíor 5, taispeántar na hastaíochtaí bithmhaise nialas-rátaithe ar bharr na n-astaíochtaí breoslaí iontaise.

Léirítear i bhFíor 6 an chaoi a roinntear astaíochtaí nialas-rátaithe ón mbithmhais idir suiteálacha Chatagóir A, B, agus C i CTA an Aontais. Eisiatar ón deighilt an chéim ionsúite agus glanluach na n-astaíochtaí. Ba é coibhéis 173 Mt CO_2 iad na hastaíochtaí nialas-rátaithe ó bhithmhais in 2022, rud a bhí comhchosúil leis an mbliain roimhe.

D'fhan na hastaíochtaí ón mbithmhais nialas-rátaithe ag ráta íosta timpeall 1,3 Mt de choibhéis CO_2, atá cothrom le 0,1 % d'astaíochtaí iomlána CTA ó shuiteálacha do-aistrithe. Cé gur beag nach ionann é sin agus an sciar a bhí ann in 2021, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú air toisc go mbeidh na ceanglais le haghaidh bhithmhais nialas-rátaithe ag éirí níos doichte, go háirithe tar éis na bliana 2023. Go dtí 1 Eanáir 2023, féadfaidh údaráis náisiúnta ceadú do shuiteálacha astaíochtaí ón mbithmhais a rátáil go nialasach gan comhlíontacht a léiriú le critéir na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite II le haghaidh na hinbhuanaitheachta agus coigilteas astaíochtaí.

[70] Airteagal 38(6) den Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú. Mar is amhlaidh thuas, leasaíodh Rialachán (AE) 2018/2066 in 2020 le Rialachán (AE) 2020/2085 agus in 2022 le Rialachán (AE) 2022/388. Féach an téacs comhdhlúite.

[71] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú) (IO L 328, 21.12.2018). Féach an téacs comhdhlúite.



Fíor 6: Astaíochtaí bliantúla shuiteálacha CTA, de thionscnamh bithmhais nialas-rátaithe, ó 2013 go 2020 (coibhéis mhilliún tona CO_2)

9. Soláthar agus éileamh a chothromú i margadh carbóin an Aontais

Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh (MSR), cruthaíodh é mar réiteach riailbhunaithe, fadtéarmach ar éagothroime struchtúrach idir soláthar na lamháltas agus an t-éileamh orthu in CTA an Aontais ag tús chéim 3. In 2013, bhí barrachas 2,1 billiún de lamháltais ag margadh carbóin an Aontais (tar éis foráil a dhéanamh maidir le EUR 1,6 billiún de chreidmheasanna idirnáisiúnta a úsáid le haghaidh na comhlíontachta in CTA an Aontais).


Le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, coigeartaítear soláthar na lamháltas in CTA an Aontais de réir tairseacha réamhshocraithe den líon iomlán lamháltas atá i gcúrsaíocht (TNAC). Bunaithe ar an leibhéal TNAC, tarraingítear lamháltais siar[72] ó cheantanna agus cuirtear sa Chúlchiste iad nó scaoiltear ón gCúlchiste agus cuirtear ar ceant iad. Ar an mbealach sin, cothaítear cothromaíocht agus athléimneacht ó shuaití a bhainfidh don soláthar agus don éileamh amach anseo, rud a chuireann ar a chumas do mhargadh carbóin an Aontais feidhmiú go rianúil. Cuireadh tús le hoibriú an Chúlchiste in 2019 agus tá lamháltais tarraingthe siar ón gcúrsaíocht ón uair sin aige.

Foilsíonn an Coimisiún TNAC go bliantúil. Ríomhtar le haghaidh na bliana roimhe é, agus leanann na coigeartuithe soláthair an fhoilsithe sin i gcaitheamh thréimhse 12 mhí agus de réir eochair shonrach. An 15 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún an Teachtaireacht maidir le TNAC in 2022[73]. Is é 1,13 billiún lamháltas a bhí i gceist leis san iomlán – laghdú i gcomparáid le 2021 ach fós os cionn na tairsí lena ngníomhachtaítear an Cúlchiste. Dá thoradh sin, tá 272 mhilliún lamháltas (24 % de TNAC) á dtarraingt siar ó cheantanna ó mhí Mheán Fómhair 2023 go dtí mí Lúnasa 2024. Léirítear i bhFíor 7 an treocht i mbarrachas lamháltas i CTA an Aontais ó bhí 2013 ann. Ranníocaíochtaí thíortha CTA le MSR ó 2019, cuirtear i láthair iad i dTábla 6 sa Doiciméad inmheánach oibre[74].

[72] Tarraingíonn MSR 24 % de TNAC siar nuair a théann sé os cionn 833 milliún lamháltas.

[73] Teachtaireacht ón gCoimisiún - Foilsiú líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht in 2022 chun críocha Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais arna bhunú le Treoir 2003/87/CE (IO C 172, 15.5.2023).

[74] SWD(2023) 346



Fíor 7: Barrachas lamháltas i CTA an Aontais (2013-2022)

Ó 2023 ar aghaidh, neamhbhailíochtaítear lamháltais os cionn tairseach áirithe i sealúchais MSR.[75]. Thuairiscigh an Coimisiún faoi sin sa Teachtaireacht maidir le TNAC in 2022. Ba é méid ceantála 2022 an tairseach ab infheidhme (486 milliún lamháltas). An 31 Nollaig 2022, bhí breis agus 3 bhilliún lamháltas i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh. Dá thoradh sin, d'imigh 2,5 billiún lamháltas ó bhailíocht an 1 Eanáir 2023. Comhfhreagraíonn na lamháltais atá fágtha do na lamháltais sin a cuireadh sa Chúlchiste trínar thóg sé isteach ó bhí 2019 ann. Ón méid sin atá fágtha, tógadh 27 milliún lamháltas faoi Rialachán REPowerEU lena gcur ar ceant chun an Ciste don Nuálaíocht a sholáthar. Léireofar é sin i ríomh TNAC in 2023.

Tá athruithe tábhachtacha déanta chun an Cúlchiste a neartú mar chuid de Oiriúnach do 55 – san athbhreithniú ar Threoir CTA agus ar Chinneadh MSR. Beidh éifeacht acu in 2024. Go príomha, tá an ráta iontógála 24 % de chuid MSR á choinneáil ar bun agus socraítear an tairseach lena ndéanfar na lamháltais a neamhbhailiú ag 400 milliún lamháltas. Tá sásra an ráta iontógála oiriúnaithe chun éifeachtaí tairsí a mhaolú freisin. Nuair a bheidh TNAC idir 833 agus 1 096 milliún lamháltas, ní dhéanfar an sásra um ráta iontógála a ghníomhachtú; ina áit sin, bainfear sciar níos lú de liúntais ó mhéideanna ceantála agus cuirfear sa Chúlchiste é. Thairis sin, ó 2024 ar aghaidh, áireofar an glanéileamh ón eitlíocht i ríomh TNAC. Cuirfear na hathruithe sin san áireamh sa Teachtaireacht maidir le TNAC in 2023. Tá sé le bheith foilsithe faoin 1 Meitheamh 2024.

10. Eitlíocht

Is le CTA AE atá astaíochtaí ón earnáil eitlíochta á rialáil ó bhí 2012 ann. Ó thaobh an dlí de, cumhdaíonn an córas gach eitilt a imíonn chuig LEE agus gach eitilt a thagann chuige. In 2013, áfach, chuir an tAontas Eorpach teorainn shealadach ar oibleagáidí CTA i leith eitiltí laistigh de LEE chun tacú le beart uilíoch margadhbhunaithe a fhorbairt chun astaíochtaí eitlíochta a

[75] Faoi Airteagal 1(5a) de Chinneadh MSR.

laghdú arna dhéanamh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO)[76]. Tá cumhdach Threoir CTA leathnaithe trí huaire ón uair sin, mar a mhínítear thíos.

Ar dtús, ón 1 Eanáir 2020, cumhdaítear le CTA an Aontais astaíochtaí ó eitiltí a imíonn chun na hEilvéise[77]. Bíonn feidhm ag CTA na hEilvéise maidir le heitiltí a imíonn chuig aerfoirt LEE. Áirithítear cothroime iomaíochta leis sin in dhá threo na gconairí. Ar an dara dul síos, ón 1 Eanáir 2021, tá feidhm ag CTA AE maidir le heitiltí a imíonn chuig an Ríocht Aontaithe. Tá feidhm ag CTA na Ríochta Aontaithe maidir le heitiltí a imíonn chuig aerfoirt LEE, lena gcoinnítear ar bun cumhdach phraghsáil carbóin na n-astaíochtaí eitlíochta, d'ainneoin imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.

Déanfar an tríú leathnú ar an raon feidhme an 1 Eanáir 2024 nuair a chumhdófar astaíochtaí ó fhormhór na n-eitiltí[78] chuig na 9 réigiún is forimeallaí de chuid an Aontais agus ó na réigiúin sin le CTA AE freisin, mar aon le heitiltí a imíonn ó na réigiúin is forimeallaí chuig an Eilvéis agus chuig an Ríocht Aontaithe. Agus iad uile in éineacht le chéile, fágfaidh sé sin go ndéanfar leathnú thart faoi 7 % ar chumhdach phraghsáil carbóin CTA. Tá an Eilvéis ag beartú astaíochtaí ó eitiltí a imíonn chuig na réigiúin is forimeallaí a chumhdach ina CTA ón dáta céanna freisin.

In 2022, eisíodh thart faoi 27 milliún lamháltas eitlíochta i gcomhréir le raon feidhme CTA AE nuashonraithe. Ba é beagáinín os cionn 23,1 milliún lamháltas é an leithdháileadh saor in aisce. Fuair oibreoirí aerárthaigh arna riar ag riarthóirí náisiúnta in LEE beagán ba lú ná 0,4 milliún lamháltas eitlíochta Eilvéiseach saor in aisce faoi CTA na hEilvéise. Cuireadh tuairim is 3,7 milliún lamháltas eitlíochta ar ceant in 2022.

Tháinig méadú suntasach ar astaíochtaí ó oibreoirí aerárthaigh in 2022 i gcomparáid le 2021. In 2022, ba é 49,1 milliún tona (lena n-áirítear 0,5 milliún tona faoi CTA na hEilvéise) a bhí sna hastaíochtaí, suas ó 27,9 milliún tona in 2021. Bhí sé sin fós beagnach 30 % ní b'ísle ná na 68,2 milliún tona a astaíodh in 2019. Ó bhí 2021 ann, áfach, ní chumhdaítear eitiltí a thagann isteach ón Ríocht Aontaithe le CTA an Aontais a thuilleadh. Dá n-éagmais sin, tá astaíochtaí eitlíochta CTA an Aontais níos cóngaraí do leibhéil 2019, rud a dheimhníonn an filleadh ar leibhéil astaíochtaí roimh COVID-19[79].

Leagtar amach i dTábla 7 astaíochtaí fíoraithe ó oibreoirí aerárthaigh, in éineacht leis na méideanna lamháltas arna leithdháileadh saor in aisce agus a cuireadh ar ceant san earnáil eitlíochta ó bhí 2019 ann.

---

[76] Cinneadh Uimh. 377/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2013 lena maolaítear go sealadach ar Threoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal (IO L 113, 25.4.2013).

[77] Astaíochtaí fíoraithe coigeartaithe, cé is moite d'eitiltí a thagann isteach ón Ríocht Aontaithe: 21,5 Mt in 2020 agus 55,8 Mt in 2019.

[78] Tá foráil déanta maidir le maolú sealadach ó CTA an Aontais go dtí 2030 i gcás astaíochtaí ó eitiltí idir aeradróm atá i gceann de na réigiúin is forimeallaí de Bhallstát amháin agus aeradróm atá sa Bhallstát céanna.

[79] *European Aviation Overview* [Forbhreathnú ar an Eitlíocht Eorpach] 24-30 Mí na Bealtaine, Eurocontrol, 1.6.2023.

Tábla 7: An Eitlíocht in CTA an Aontais – astaíochtaí fíoraithe, méideanna lamháltas arna leithdháileadh saor in aisce agus a cuireadh ar ceant

Bliain	2019	2020	2021	2022
Astaíochtaí fíoraithe (milliún tonaí de choibhéis CO_2)	68.2	25.2	27.9	49,1
Athrú bliain ar bhliain[80,81]	1 %	−63 %	30 %	75 %
Leithdháileadh saor in aisce (AE27 + an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua + an Ríocht Aontaithe + an Eilvéis) [82,71,72]	31.3[83]	32.5	24.0	23.1
Leithdháileadh saor in aisce ón gcúlchiste speisialta le haghaidh iontrálaithe nua agus oibreoirí atá ag fás go tapa	1,0	0,8	0.3	0,25
Méideanna lamháltas curtha ar ceant	5,5	9.2	3.8	3.7

Ghlac Comhthionól ICAO réiteach maidir leis an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) i mí Dheireadh Fómhair 2016. Athdheimhníodh an rún sin san athbhreithniú in 2019 agus in 2022. Is é an príomhchuspóir atá leis astaíochtaí CO_2 ón eitlíocht idirnáisiúnta a fhritháireamh os cionn bonnlíne áirithe. Seoladh an scéim in 2021, agus is scéim dheonach a bheidh inti i gcás na mBallstát uile go dtí 2026. Ó 2027 ar aghaidh, níor cheart scéim dheonach a bheith inti i gcás tíortha móra eitlíochta. Ní léir go fóill an gcuirfidh gach tír faoi oibleagáid i bhfeidhm ina dhiaidh sin í – tá roinnt acu tar éis agúis a chur in iúl

[80] Agus raon feidhme nuashonraithe na heitlíochta in CTA an Aontais á mheas (gan eitiltí a thagann isteach ón Ríocht Aontaithe).

[81] Níor áiríodh an Eilvéis sna sonraí ach amháin in 2020, 2021 agus 2022.

[82] Ní chuirtear san áireamh sna huimhreacha sin gach dúnadh oibreoirí aerárthaí agus lamháltais saor in aisce ón gcúlchiste speisialta le haghaidh iontrálaithe nua agus oibreoirí atá ag fás go mear, ná tuairisceáin in 2012 de bharr an athraithe sa raon feidhme. Foinsí: EUTL, An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide.

[83] Dá gcuirfí san áireamh na huimhreacha a coinníodh siar mar gheall ar dhúnadh na n-oibreoirí aerárthaí, bheadh an fíor-leithdháileadh le haghaidh 2019 4 mhilliún faoi bhun an fhigiúir a tugadh (féach Fonóta 8 i bhFógra C/2020/8643, IO C 428, 11.12.2020). Cuireadh an leithdháileadh don Ríocht Aontaithe (4,31 milliún lamháltas den iomlán le haghaidh 2019) ar fionraí in 2019 de bharr na mbeart coimirce a ghlac an Coimisiún le sláine comhshaoil CTA an Aontais a chosaint i gcásanna ina scoireann feidhm ag dlí an Aontais maidir le Ballstát a tharraingíonn siar ón Aontas Eorpach. Cuireadh tús leis an leithdháileadh an athuair in 2020.

maidir leis an scéim (e.g. an tSín)[84]. Ba cheart do stáit rannpháirteacha aerlínte atá bunaithe sna tíortha sin faoi oibleagáid a gcuid astaíochtaí a fhritháireamh os cionn bonnlíne arna socrú ag 85 % de leibhéil 2019 trí chreidmheasanna idirnáisiúnta a cheannach agus a chealú. Chun dul chun cinn ag ICAO a éascú, cuireadh síneadh le teorannú raon feidhme CTA an Aontais laistigh den Eoraip maidir leis an eitlíocht go dtí deireadh 2026 toisc gur cheart CORSIA a bheith á chur i bhfeidhm ag tríú tíortha ó 2027 ar aghaidh. Thairis sin, eitiltí a bhaineann le tíortha nach gcuireann CORSIA i bhfeidhm, leagtar amach leis an athbhreithniú ar CTA an Aontais go mbeidh feidhm ag an gcóras maidir leo ó 2027 ar aghaidh.

Le Treoir CTA athbhreithnithe, déantar cur chun feidhme an phrionsabail gurb é 'údar an truaillithe a íocfaidh as' a chur ar aghaidh san earnáil eitlíochta. Cuirfear deireadh de réir a chéile le lamháltais saor in aisce i gcás oibreoirí aerárthaigh faoi dheireadh 2025. An tráth céanna, 20 milliún lamháltas (ar a bhfuil luach díola measta thart faoi EUR 1,6 billiún faoi láthair), tá siad curtha in áirithe chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt chun go nglacfar le breoslaí malartacha incháilithe. Mhéadódh sé sin an dreasacht a thugtar cheana le CTA an Aontais ar mhaithe le breoslaí malartacha seachas breoslaí iontaise, agus i gcás ráta nialasach, thabharfaí dreasacht airgeadais thart faoi EUR 300 in aghaidh an tona breosla. Tá coinne leis go méadófar an dreasacht sin a thuilleadh leis an athbhreithniú atá ar siúl ar an Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh.

Agus é á aithint nach féidir neamhaird a dhéanamh a thuilleadh d'éifeachtaí neamh-CO_2[85], tá creat tiomnaithe faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe (MRV) tugtha isteach agus cuirfear tús leis an 1 Eanáir 2025. Tá an Ciste don Nuálaíocht leathnaithe chun tacú le tionchar foriomlán na heitlíochta ar an aeráid a laghdú. Bunaithe ar thorthaí MRV ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil isteach faoi dheireadh 2027. I gcás inarb iomchuí, tarraingeoidh an Coimisiún togra reachtach suas ansin, a mbeidh measúnú tionchair ag gabháil leis, lena leagfar amach an bealach chun na héifeachtaí sin a mhaolú trí raon feidhme CTA AE i gcás na heitlíochta a leathnú chun éifeachtaí neamh-CO_2 a chumhdach.

In 2026, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu ar neartaíodh CORSIA nó nár neartaíodh agus an bhfuil sé á chur chun feidhme ag tíortha móra lasmuigh den Eoraip. Bunaithe ar thoradh an mheasúnaithe sin, ba cheart don Choimisiún togra reachtach a dhéanamh chun é seo a leanas a dhéanamh: (i) raon feidhme CTA an Aontais a theorannú d'eitiltí a imíonn ó aerfoirt LEE, agus aon chostas a tabhaíodh ó fhritháireamh CORSIA ar na bealaí sin á asbhaint, agus eitiltí

[84] *Impact assessment report accompanying the Proposal for a Directive of the European Parliament and the Council amending Directive 2003/87/EC as regards aviation's contribution to the Union's economy-wide emission reduction target and appropriately implementing a global market-based measure* [Tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais chun astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme go hiomchuí] (SWD(2021) 603, 14.7.2021, lch. 9).

[85] Tá tionchar foriomlán na heitlíochta domhanda ar an aeráid i bhfad níos airde ná an chomhchuid CO_2 inti féin, a rialaítear le ETS an Aontais faoi láthair. Meastar tionchar foriomlán na heitlíochta a bheith 2-4 huaire níos mó ná tionchar na n-astaíochtaí CO_2 nuair a thugtar éifeachtaí neamh-CO_2 san áireamh. Is beart ábhartha é aghaidh a thabhairt ar na hastaíochtaí sin toisc go bhfuil an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) tar éis díriú ar an eitlíocht idirnáisiúnta (agus ar an loingeas idirnáisiúnta), ina Séú Tuarascáil Measúnaithe um maolú an athraithe aeráide, mar earnálacha ag a bhfuil spriocanna aeráide ar lú iad ná a mbeadh gá leis chun srian a chur leis an méadú domhanda ar theochtaí i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

a thagann isteach a dhíolmhú; nó (ii) gan praghsáil carbóin CTA a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le heitiltí laistigh den Eoraip agus le bealaí a bhaineann le tíortha nach gcuireann CORSIA i bhfeidhm ó 2027.

11. Formhaoirseacht margaidh

Tá margadh carbóin an Aontais faoi réir rialacha diana formhaoirseachta margaidh a chumhdaítear i margaí airgeadais an Aontais. Aicmítear idir spot agus dhíorthaigh i lamháltais astaíochtaí mar ionstraimí airgeadais faoi Threoir 2014/65/AE[86]. Léirítear an t-aicmiú sin sa reachtaíocht thánaisteach freisin, lena n-áirítear an Rialachán maidir le Ceantáil, lena ndéantar maoirseacht ar an bpríomh-mhargadh (ceantanna lamháltas).

Comhroinntear an mhaoirseacht ar mhargadh carbóin an Aontais idir údaráis airgeadais na mBallstát uile[87], faoi chomhordú an rialtóra Eorpaigh, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA). Déanann siad faireachán ar iompraíocht rannpháirtithe an mhargaidh trí cheanglais fhairsinge um thuairisciú agus trédhearcacht. Ina theannta sin, le Rialachán 596/2014[88] maidir le drochúsáid mhargaidh, cuirtear d'oibleagáid ar rannpháirtithe sa mhargadh orduithe agus idirbhearta amhrasacha a thuairisciú láithreach. Ar a seal féin, tá sé de chumhacht ag údaráis náisiúnta freagairt a thabhairt le gníomhaíocht cheartaitheach nó le pionóis má shainaithníonn siad an drochúsáid mhargaidh.

I bhfianaise na géarchéime fuinnimh agus ardú praghais CTA, d'fhoilsigh ESMA grinnfhiosrúchán ar fheidhmiú mhargadh carbóin an Aontais an 22 Márta 2022[89]. Sholáthair an tuarascáil anailís mhionsonraithe ar an margadh, agus thángthas ar an gconclúid go bhfeidhmíonn an margadh carbóin i gceart agus go raibh gluaiseachtaí i bpraghsanna i gcomhréir le bunphrionsabail an mhargaidh. Ina theannta sin, mhol ESMA roinnt moltaí chun tuilleadh feabhais a chur ar thrédhearcacht agus ar shláine mhargadh carbóin an Aontais.

Thairis sin, rinne an Coimisiún suirbhé margaidh ar rannpháirtíocht na n-oibreoirí i gceantanna agus i margaí tánaisteacha sa dara leath de 2022. Leis an suirbhé, ar ar fhreagair breis agus 900 oibreoir, deimhníodh ról tábhachtach na n-eintiteas airgeadais i bhfeidhmiú rianúil mhargadh carbóin an Aontais. Ar an bhforiomlán, bhí oibreoirí dearfach faoin socrú atá i bhfeidhm faoi láthair chun lamháltais astaíochtaí a fháil trí cheantanna agus tríd an trádáil mhargaidh thánaistigh. Úsáideann formhór na n-oibreoirí idirghabhálaithe airgeadais chun lamháltais astaíochtaí a fháil agus chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Na príomhfháthanna a thugann oibreoirí le hidirghabhálaithe a úsáid is ea an gá teoranta le lamháltais, an chostéifeachtúlacht agus eolas teoranta ar mhargaí airgeadais.

---

[86] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014).

[87] Is féidir teacht ar an liosta údarás náisiúnta inniúil ar a bhfuil freagracht de réir an Rialacháin maidir le Drochúsáid Mhargaigh ar shuíomh gréasáin ESMA.

[88] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2003/124/CE, Treoir 2003/125/CE agus Treoir 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014).

[89] ESMA70-445-38, Tuarascáil chríochnaitheach ESMA maidir le lamháltais astaíochtaí, 28.3.2022.

Agus an méid sin mar chúlra, áirítear roinnt leasuithe ar an Treoir CTA athbhreithnithe chun tuilleadh feabhais a chur ar thrédhearcacht mhargadh carbóin an Aontais. Iarradh ar ESMA measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar fheidhmiú mhargaí carbóin an Aontais agus é a áireamh ina tuarascáil tráthrialta ar threochtaí, rioscaí agus leochaileachtaí i margaí airgeadais. An 31 Lúnasa 2023, thuairiscigh ESMA sa dara Tuarascáil ó 2023 uaithi maidir le treochtaí, rioscaí agus leochaileachtaí gur fhan margadh carbóin an Aontais cobhsaí in 2023 agus gur lean sé d'oibriú i gcomhréir le bunphrionsabail an mhargaidh.

Mar chuid den athchóiriú ar CTA an Aontais, gheall an Coimisiún freisin go dtabharfaí roinnt athruithe isteach i reachtaíocht cur chun feidhme CTA an Aontais chun tuilleadh feabhais a chur ar thrédhearcacht an mhargaidh carbóin. Na hathruithe sin, lena leasaítear an Rialachán maidir le Ceantáil agus an Rialachán maidir le Clárlann an Aontais, tá siad i gcomhréir le moltaí thuarascáil ESMA. Chun faireachán ar an margadh a éascú, gheobhaidh údaráis náisiúnta inniúla agus ESMA sonraí mionsonraithe le haghaidh gach ceant agus ceadófar dóibh rochtain a fháil go tráthrialta ar shonraí Chlárlann an Aontais. Thairis sin, déanfar athruithe chun sainaithint na n-idirbheart i gClárlann an Aontais a éascú, arb idirbhearta déthaobhacha amháin iad. Tá an obair ar siúl go leanúnach chun leasú a dhéanamh ar an Rialacháin maidir le Ceantáil agus ar an Rialacháin maidir le Clárlann an Aontais chun na gealltanais sin a chur chun feidhme.

An 5 Iúil 2023, d'fhoilsigh an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO) a tuarascáil maidir le margaí comhlíontachta carbóin[90]. Is eagraíocht idirnáisiúnta í lena dtugtar rialtóirí urrús an domhain le chéile agus aithnítear í mar bhunaitheoir na gcaighdeán domhanda le haghaidh earnáil na n-urrús. Bhí an tuarascáil bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó na margaí comhlíontachta carbóin atá ann cheana agus ó dhea-chleachtais i margaí na ndíorthach tráchtearraí, agus rinneadh measúnú leis an tuarascáil ar spot an mhargaidh phríomhúil agus an mhargaidh thánaistigh araon agus ar thrádáil na ndíorthach tráchtearraí ar feadh dlínsí.

Léirítear na dea-chleachtais is infheidhme i margadh carbóin an Aontais i dTuarascáil IOSCO. Áirítear orthu sin Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh chun riosca rósholáthar na lamháltas a theorannú, lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh a aicmiú mar ionstraimí airgeadais, creat cuimsitheach formhaoirseachta margaidh a chur i bhfeidhm maidir le margaí tráchtearraí lena n-áirítear rialacha maidir leis an trédhearcacht agus le hidirbhearta a thuairisciú, drochúsáid mhargaidh, an sciúradh airgid a chomhrac agus maoirseacht éifeachtach ag údaráis inniúla. Déanann an tuarascáil 12 mholadh chun cúnamh a thabhairt do dhlínsí margaí comhlíontachta carbóin a chur ar bun a bheidh cuid mhaith i gcomhréir leis an gcreat rialála atá ann faoi láthair agus lena rialaítear margadh carbóin an Aontais.

12. Creat chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí

CTA an Aontais a fheidhmíonn go rianúil agus atá inchreidte ó thaobh an chomhshaoil de, áirithítear é trí chreat láidir de cheanglais faireacháin, tuairiscithe, fíoraithe agus chreidiúnaithe. Comhchuibhítear na ceanglais sin i Rialachán 2018/2066 (Rialachán maidir le Faireachán agus

[90] FR09/23 - *Compliance Carbon Markets, IOSCO*, Tuarascáil Chríochnaitheach, 5.7.2023.

Tuairisciú)[91] agus i Rialachán 2018/2067 (Rialachán maidir le Creidiúnú agus Fíorú)[92]. Gach bliain, tuairiscíonn tíortha ar chur chun feidhme na Rialachán sin agus Threoir CTA.

12.1. Faireachán agus tuairisciú

Is ar chur chuige na mbloc tógála a bhraitheann an córas chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí in CTA AE. Tugann sé leibhéal ard solúbthachta d'oibreoirí, rud lena n-áirithítear an chostéifeachtúlacht agus iontaofacht na sonraí astaíochtaí araon. Féadann oibreoirí roinnt modhanna faireacháin a úsáid ('bunaithe ar ríomh' nó 'bunaithe ar thomhas' agus an 'cur chuige cúltaca' trí eisceacht), lena n-áirítear meascán de mhodhanna le haghaidh codanna aonair de shuiteáil. I gcás oibreoirí aerárthaí, ní cheadaítear ach amháin cuir chuige atá bunaithe ar ríomh amháin, agus an t-ídiú breosla mar an paraiméadar lárnach eitilte. Leis an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú cuirtear de cheangal ar shuiteálacha agus ar oibreoirí aerárthaigh araon plean faireacháin a bheith acu atá formheasta ag an údarás náisiúnta inniúil. Cuirtear cosc orthu leis sin roghnú treallach a dhéanamh ar mhodhanna faireacháin agus ar athruithe ama. In 2022, lean 5 Bhallstát[93] de ligean do shuiteálacha pleananna faireacháin simplithe a úsáid i gcásanna lena mbaineann riosca íseal[94]. I gcás na heitlíochta, níor thuairiscigh ach an Bheilg gur úsáideadh an fhoráil sin sa tír le haghaidh oibreoirí ag a bhfuil astaíochtaí ísle.

Comhlíonann formhór na suiteálacha na ceanglais dhlíthiúla maidir le faireachán ar astaíochtaí. D'úsáid an chuid is mó de na suiteálacha modheolaíocht ríomh-bhunaithe[95] chun a n-astaíochtaí a ríomh. Níor thuairiscigh ach 145 shuiteáil (1,7 %) in 22 thír gur úsáid siad córais chun astaíochtaí a thomhas go leanúnach (CEMS), 9 suiteáil ní ba lú ná in 2021. De na suiteálacha sin, d'úsáid 91 suiteáil CEMS chun astaíochtaí CO_2 a thomhas, d'úsáid 45 shuiteáil CEMS chun N_2O a thomhas agus d'úsáid 9 suiteáil CEMS chun an dá ghás a thomhas. Is sa Ghearmáin agus sa tSeicia is minice a úsáidtear CEMS. I 34 shuiteáil, bhí CO_2 bithghineach le fáil sna hastaíochtaí tomhaiste freisin. De na suiteálacha a úsáideann CEMS, d'úsáid 69 díobh an mhodheolaíocht le haghaidh níos mó ná 95 % dá n-astaíochtaí, d'úsáid na 76 shuiteáil eile meascán de CEMS agus de mhodheolaíocht ríomh-bhunaithe.

---

[91] Mar is amhlaidh thuas, leasaíodh Rialachán (AE) 2018/2066 in 2020 le Rialachán (AE) 2020/2085 agus in 2022 le Rialachán (AE) 2022/388. Féach an téacs comhdhlúite.

[92] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le fíorú sonraí agus creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 334, 31.12.2018. Leasaíodh an rialachán in 2020 le Rialachán (AE) 2020/2084 ón gCoimisiún. Féach an téacs comhdhlúite.

[93] Ba iad na Ballstáit sin an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ungáir, an Liotuáin, agus an Ísiltír. Ní thuairiscíonn an Chróit a thuilleadh go mbaintear úsáid as an tuairisciú simplithe sa tír.

[94] De bhun Airteagal 13 den Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún, (IO L 334, 31.12.2018). Leasaíodh an Rialachán in 2020 le Rialachán (AE) 2020/2085 ón gCoimisiún agus in 2022 le Rialachán (AE) 2022/388 ón gCoimisiún. Féach an téacs comhdhlúite.

[95] Is é an príomhfháth leis sin go mbaineann acmhainní agus saineolas suntasach leis an modheolaíocht tomhas-bhunaithe, rud atá in easnamh ar roinnt mhaith oibreoirí níos lú.

Níor thuairiscigh ach 11 thír gur úsáid siad an cur chuige cúltaca; úsáideadh an cur chuige sin le haghaidh 27 suiteáil inar cumhdaíodh timpeall 2,6 milliún tona de choibhéis CO_2 (4 shuiteáil ba lú ná mar a bhí in 2021 ach 0,16 milliún tona níos mó de choibhéis CO_2 i dtéarmaí astaíochtaí). Tá suiteáil amháin san Ísiltír freagrach as 60 % de na hastaíochtaí foriomlána a thuairiscítear agus an mhodheolaíocht chúltaca á húsáid, mar gheall ar chastacht na suiteála.

Chomhlíon formhór na suiteálacha na réamhshocruithe íosta a cheanglaítear le haghaidh leibhéil[96] an Rialacháin maidir le Faireachán agus Tuairisciú in 2022. Tuairiscíodh nach raibh ach 96 shuiteáil chatagóir C (aníos ó 89 in 2021) tar éis imeacht, i gcás paraiméadar amháin ar a laghad, ar diall ón gceanglas na leibhéil is airde a chur i bhfeidhm i gcás mórfhloscanna bunaidh. Bhí siad suite in 17 dtír dhifriúla (anuas ó 18 suiteáil in 2021) agus ba iad 15,1 % de shuiteálacha chatagóir C iad. Ní údaraítear na diallais sin ach amháin nuair a léiríonn an t-oibreoir nach indéanta an leibhéal is airde a chomhlíonadh go teicniúil nó nuair a thabhaíonn sé costais neamhréasúnta. Nuair nach mbeidh feidhm ag na coinníollacha sin a thuilleadh, ní mór don oibreoir feabhas a chur ar an gcóras faireacháin dá réir.

Leasaíodh an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú chun Treoir CTA athbhreithnithe a chur san áireamh[97]. Beidh feidhm ag na rialacha nuashonraithe ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh nuair a chuirfear tús leis an chéad timthriall faireacháin eile. I measc nithe eile, léiríonn na rialacha nuashonraithe aon fhorbairt nua amháin faoi Threoir CTA athbhreithnithe – is é sin go gcuirfidh suiteálacha chun dramhaíl chathrach a loscadh tús le faireachán a dhéanamh ar a n-astaíochtaí agus iad a thuairisciú faoi CTA AE ó 2024 ar aghaidh. Cuirfear tús leis an dara hathbhreithniú ar an Rialachán in éineacht le leasuithe breise i dtreo dheireadh 2023.

12.2. Creidiúnú agus fíorú

Ní mór d'fhíoraitheoirí an fhaireacháin ar astaíochtaí i CTA an Aontais a bheith creidiúnaithe ag an gcomhlacht náisiúnta creidiúnaithe chun tabhairt faoi mheasúnuithe i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Creidiúnú agus Fíorú. Is féidir le fíoraitheoirí creidiúnaithe feidhmiú le haitheantas frithpháirteach ar fud na dtíortha uile in CTA an Aontais, agus buntáiste iomlán á baint acu as an margadh aonair agus infhaighteacht leordhóthanach seirbhísí á háirithiú. Tá forbhreathnú mionsonraithe ar ghnéithe creidiúnaithe agus fíoraithe in 2022 i dTábla 8 sa Doiciméad Inmheánach Oibre[98].

In 2022, bhí 110 bhfíoraitheoir creidiúnaithe ann le haghaidh suiteálacha do-aistrithe agus bhí 23 acu ann le haghaidh oibreoirí aerárthaigh. Ina theannta sin, thuairiscigh 28 dtír go raibh fíoraitheoir eachtrach amháin ar a laghad gníomhach ar a gcríoch in 2022, agus thuairiscigh sé

[96] Leis an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú, cuirtear de cheangal ar na hoibreoirí uile leibhéil íosta áirithe a chomhlíonadh. Cuirtear de cheangal ar fhoinsí astaíochtaí níos mó leibhéil níos airde a chomhlíonadh (lena mbaineann cáilíocht sonraí níos iontaofa), agus ar chúiseanna na costéifeachtúlachta, tá feidhm ag ceanglais nach bhfuil chomh dian céanna maidir le foinsí níos lú.

[97] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2122 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a mhéid a bhaineann le faireachán agus tuairisciú astaíochtaí gás ceaptha teasa a thabhairt cothrom le dáta de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2122, 18.10.2023).

[98] SWD(2023) 346

thír nach raibh ach fíoraitheoirí eachtracha acu. Léirítear leis sin go leanann aitheantas frithpháirteach ar fhíoraitheoirí i measc tíortha ar aghaidh ag feidhmiú go rathúil.

Suíodh go bhfuil leibhéal ard comhlíontachta i measc na bhfíoraitheoirí leis an Rialachán maidir le Creidiúnú agus Tuairisciú. I gcás 2022, níor thuairiscigh ach an Iorua agus an Fhrainc gur cuireadh fíoraitheoir ar fionraí (beirt san Iorua agus duine amháin san Fhrainc) agus níor thuairiscigh ach an Rómáin gur tarraingíodh creidiúnú fíoraitheora siar (in aon chás amháin). I gcomparáid leis sin, in 2021, cuireadh beirt fhíoraitheoirí ar fionraí agus tarraingíodh creidiúnú fíoraitheora amháin siar.

Go comhthreomhar leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú, tá athbhreithniú á dhéanamh ar an Rialachán maidir le Creidiúnú agus Fíorú agus tá sé beartaithe é a ghlacadh in R1 2024 - roimh an sprioc-am chun tuarascálacha sonraí bonnlíne fíoraithe a chur isteach faoin 30 Bealtaine 2024.

12.3. Údaráis inniúla

Tá eagrú na n-údarás náisiúnta inniúil chun CTA an Aontais a chur chun feidhme difriúil ó thír go tír. I roinnt tíortha, baineann roinnt údarás áitiúil leis; i dtíortha eile, tá cur chun feidhme níos láraithe. Roghnaíonn na tíortha na cuir chuige sin bunaithe ar éifeachtacht costais agus ama. Cuirtear forbhreathnú ar chomhordú CTA an Aontais i láthair i dTáblaí 9 agus 10 sa Doiciméad Inmheánach Oibre[99].

Thuairiscigh na tíortha uile atá in CTA an Aontais go raibh baint ag aon údarás inniúil amháin ar a laghad dá gcuid i gcur chun feidhme CTA an Aontais in 2022. In 15 thír, níl baint ach ag údaráis inniúla lárnacha leis. Thuairiscigh tíortha uirlisí difriúla a bheith á n-úsáid chun obair a chomhordú idir údaráis, amhail údarás inniúil lárnach atá freagrach as an obair faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe (12 thír) nó a bhfuil ról comhordaithe aige[100] (9 dtír), treoracha agus treoraíocht cheangailteach ó údarás inniúil lárnach d'údaráis áitiúla (5 thír), oiliúint chomhpháirteach le haghaidh údaráis inniúla (7 dtír) agus meithleacha nó cruinnithe tráthrialta idir údaráis (12 thír). In 2022, ní raibh aon cheann de na huirlisí sin in úsáid ag 14 thír; tá eagrúchán níos láraithe ag na tíortha sin mar sin ní theastaíonn an oiread uirlisí comhordaithe uathu.

In 2022, níor ghearr 16 thír táillí riaracháin ar oibreoirí suiteála as pleananna faireacháin a cheadú agus a fhormheas (suas ó 15 thír in 2021). Níor íoc oibreoirí aerárthaí in 17 dtír aon táille ach oiread (18 dtír in 2021). Bhí difríochtaí suntasacha sna muirir de réir tíre agus cineál seirbhísí – ó thart ar EUR 18 go EUR 8 442 ar chead agus chun plean faireacháin a fhormheas le haghaidh suiteálacha, agus ó thart ar EUR 2 go EUR 4 100 le haghaidh oibreoirí aerárthaí. Thuairiscigh 15 thír gur ghearr siad méideanna difriúla de tháillí riaracháin as pleananna um modheolaíocht faireacháin nó athruithe suntasacha a fhormheas.

[99] SWD(2023) 346

[100] I gcás ina bhfuil údaráis réigiúnacha/áitiúla freagrach as obair MRV, déanann an t-údarás inniúil lárnach athbhreithniú ar dhoiciméid ábhartha freisin (amhail pleananna faireacháin) chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht phróisis MRV.

12.4. An chomhlíontacht in CTA an Aontais

Seiceáiltear comhlíontacht le ETS an Aontais i dtimthriallacha bliantúla. Le haghaidh gach bliain oibriúcháin, ní mór d'oibreoirí tuarascáil astaíochta bhliantúil a sheoladh isteach faoin 31 Márta an bhliain dár gcionn. Nuair a sheiceáiltear an tuarascáil, ní mór d'oibreoirí an líon comhaontaithe lamháltas a thabhairt suas faoin 30 Aibreán sa bhliain chéanna. Le haghaidh gach tona CO_2 a astaítear nach raibh aon lamháltas tugtha suas ina leith in am, forchuireann an Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais pionós EUR 100[101]. Ní mór é sin a íoc anuas ar na lamháltais tugtha suas atá dlite. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag pionóis eile maidir le sáruithe i gcur chun feidhme CTA an Aontais bunaithe ar rialacha náisiúnta. Cuirtear forbhreathnú mionsonraithe ar an gcomhlíontacht in CTA an Aontais i láthair i dTáblaí 11 agus 13 sa Doiciméad Inmheánach Oibre[102]. Leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le CTA, déantar coigeartuithe ar an bhféilire comhlíontachta. Ón 2024 ar aghaidh, aistreofar an sprioc-am chun lamháltais a thabhairt suas ón 30 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair.

I dtimthriall chomhlíontachta 2022, d'fhan an leibhéal comhlíontachta le CTA an Aontais an-ard. I bhformhór na mblianta, oibreoirí a bhí freagrach as os cionn 99 % d'astaíochtaí ó shuiteálacha agus ón eitlíocht, chomhlíon siad a n-oibleagáidí dlíthiúla in am. Tháinig feabhas ar éifeachtúlacht an chórais chomhlíontachta le glacadh níos leithne ar thuairisciú leictreonach. In 2022, d'úsáid 12 thír córais TF uathoibrithe agus teimpléid leictreonacha le haghaidh pleananna faireacháin, tuarascálacha astaíochta, tuarascálacha fíoraithe agus/nó tuarascálacha feabhsúcháin. D'úsáid ocht dtír córais TF uathoibrithe freisin chun an sreabhadh oibre a bhainistiú le haghaidh na bpleananna modheolaíochta faireacháin, tuarascálacha um leibhéal gníomhaíochta bliantúil agus malartuithe faisnéise eile maidir le sonraí leithdháilte.

Tar éis phaindéim COVID-19 agus srianta ar an teagmháil fhisiciúil, cheadaigh 6 thír (18 in 2021) d'fhíoraitheoirí cuairteanna fíorúla ar an láthair a dhéanamh[103]. I gcás 31 suiteáil agus 25 oibreoir aerárthaigh, ceadaíodh cuairteanna suímh fíorúla ón údarás inniúil is infheidhme.

Déanann údaráis inniúla seiceálacha maidir le comhlíonadh difriúla ar thuarascálacha astaíochtaí bliantúla suiteálacha. In 2022, sheiceáil gach údarás inniúil iomláine na dtuarascálacha ó shuiteálacha, agus rinne siad amhlaidh le haghaidh tuarascálacha ó oibreoirí aerárthaí. Is iad na heisceachtaí na húdaráis inniúla san Ungáir agus sa Laitvia (a bhfuil 3 agus 2 oibreoir aerárthaí acu, faoi seach), chomh maith le Lichtinstéin agus Tuaisceart Éireann toisc nach riarann siad aon oibreoir aerárthaí.

Rinne údaráis inniúla in 12 thír meastacháin choimeádacha le haghaidh 61 suiteáil (timpeall 0,7 % de na suiteálacha uile), síos ó 55 in 2020. Déantar meastacháin den sórt sin murar seoladh isteach tuarascálacha astaíochtaí bliantúla in am, má eisíodh tuairim fhíoraithe dhiúltach, nó murar chomhlíon tuarascáil astaíochtaí an Rialachán[104]. Tugadh meastachán coimeádach faoi

[101] Tá an pionós innéacsaithe le haghaidh boilscithe.

[102] SWD(2023) 346

[103] Ceadaítear le hAirteagal 34a den Rialachán maidir le Creidiúnú agus Fíorú don fhíoraitheoir cuairteanna suímh fíorúla a dhéanamh má choisceann cás *force majeure* ar an bhfíoraitheoir dul chomh fada leis an suíomh. Ní cheadaítear é sin ach faoi réir fhormheas an údaráis inniúil agus má shásaítear coinníollacha áirithe.

[104] Faoi Airteagal 70 den Rialachán maidir le Faireachán agus Tuairisciú.

astaíochtaí uile na 30 suiteáil. Maidir le 11 suiteáil, níor chumhdaigh meastachán coimeádach ach cuid de na hastaíochtaí, agus measadh nár ghin 20 suiteáil aon astaíocht.

San iomlán, measadh 1,0 Mt astaíochtaí go coimeádach (suas ó 0,8 Mt in 2021) as 2,4 Mt a thuairiscigh na 61 suiteáil (síos ó 4,9 Mt in 2021). Go hiondúil, rinneadh meastacháin choimeádacha mar gheall nach raibh na tuarascálacha astaíochtaí go hiomlán i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin maidir le Faireachán agus Tuairisciú nó mar gheall gur cuireadh isteach tar éis an sprioc-am iad. Thuairiscigh cúig thír meastacháin choimeádacha i gcás na heitlíochta (ceann amháin ní ba lú ná in 2021) a bhain le 33 oibreoir aerárthaigh (cúig oibreoir níos mó ná in 2021) agus 0,14 Mt astaíochtaí (0,14 Mt in 2021 freisin). Aerlíne amháin atá á riaradh ag an Danmhairg, bhain 85 % de na meastacháin choimeádacha i gcás na heitlíochta léi mar gheall gur chuir sí a tuarascáil astaíochta isteach tar éis an sprioc-ama.

Tá seiceálacha údaráis inniúla fós tábhachtach chun obair fíoraitheoirí a fhorlíonadh. Anuas ar na tuarascálacha astaíochtaí a sheiceáil, thuairiscigh 18 dtír go raibh iniúchtaí ar an láthair déanta acu ag suiteálacha. Thuairiscigh 3 thír[105] iniúchtaí ar an láthair i gcás na heitlíochta (níor thuairiscigh aon tír ar bith na hiniúchtaí sin in 2021). Chuaigh an líon sin i laghad le linn phaindéim COVID-19, agus tá coinne leis go rachaidh sé i méid arís.

In 2022, gearradh fíneáil ar 40 oibreoir suiteála in 10 dtír mar gheall nár thug siad lamháltais astaíochtaí leordhóthanacha suas chun a n-astaíochtaí tuairiscithe a chumhdach (astaíochtaí iomarcacha). I gcás na heitlíochta, thuairiscigh 6 thír pionóis as astaíochtaí iomarcacha i gcás 9 n-oibreoir aerárthaigh. Thuairiscigh 13 thír[106] 66 shárú, seachas cásanna astaíochtaí iomarcacha, rud a d'fhág gur gearradh pionóis, nó gur tugadh rabhaidh fhoirmiúla nó fógraí foirmiúla dá thoradh. Tuairiscíodh 21 fhíneáil (arna n-eisiúint nó atá le heisiúint e.g. de bharr imeachtaí dlíthiúla leanúnacha), arbh é EUR 65,6 milliún iad. Áirítear an eitlíocht leis sin, agus 8 sárú i 5 thír i gceist, rud a d'fhág gur gearradh 3 fhíneáil dá thoradh, ar EUR 325 000 san iomlán.

Ba iad na sáruithe ba choitianta a tuairiscíodh le haghaidh 2022 teip chun tuarascáil astaíochtaí (16 chás) nó tuarascáil maidir le leibhéal gníomhaíochta (4 chás) a chur isteach in am trátha, teip chun fógra a thabhairt faoi athruithe nó an plean faireacháin a thabhairt cothrom le dáta (9 gcás) agus oibriú gan cead astaíochtaí (6 chás).

13. Nasc idir ETS an Aontais agus ETS na hEilvéise

Ó bhí 2020 ann, tá CTA an Aontais agus CTA na hEilvéise nasctha trí chomhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise. Ciallaíonn sé sin gur féidir lamháltais arna n-eisiúint i gcóras amháin a thabhairt suas le haghaidh astaíochtaí arna nginiúint i gceachtar den dá chóras. Agus rochtain ar mhargadh níos mó acu, is féidir le hoibreoirí leas a bhaint as gnóthachain chostéifeachtúla agus tá níos mó roghanna acu chun astaíochtaí a

[105] Ní riarann 2 thír eile (Lichtinstéin agus Tuaisceart Éireann) aon oibreoir aerárthaigh.

[106] Is iad na 13 thír an tSeicia, an Danmhairg, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ungáir, Éire, an Ísiltír, an Ísiltír, an Iorua, an Pholainn, an tSualainn agus an Rómáin.

mhaolú. Leagtar amach sa Chomhaontú Nasctha[107] na coinníollacha agus na ceanglais faoina bhfuil an dá chóras nasctha. Bunaítear leis freisin sásra chun a áirithiú go mbíonn meas ar na coinníollacha nasctha d'Airteagal 25 den Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE).

Ceanglas fíor-riachtanach don Aontas a bhí ann chun eitlíocht a áireamh sa Chomhaontú Nasctha. Faoi Airteagal 6 den Chomhaontú, cuireann an Eilvéis i bhfeidhm an cur chuige céanna maidir le cumhdach, caidhp agus leithdháileadh is a chuirtear i bhfeidhm maidir le CTA an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 7 den Chomhaontú Nasctha, leanfaidh sé sin ar aghaidh faoi Threoir CTA athbhreithnithe. Tá eitiltí intíre na hEilvéise agus eitiltí a fhágann aerfoirt LEE cumhdaithe ag CTA na hEilvéise, cé go dtagann na heitiltí a fhágann chuig an Eilvéis faoi CTA an Aontais. Coimircítear leis an socrú seo sláine comhshaoil an dá chóras. Tá an cur chuige céanna curtha i bhfeidhm ag CTA an Aontais agus ag CTA na hEilvéise araon maidir le heitiltí leis an Ríocht Aontaithe ó Brexit, gan ach eitiltí a imíonn chuig an Ríocht Aontaithe á gcumhdach acu.

Léirítear príomhfhigiúirí i dTábla 16 agus Tábla 17 sa Doiciméad Inmheánach Oibre[108] le haghaidh an dá chóras in 2022 – lamháltais a cuireadh ar ceant, leithdháileadh saor in aisce, agus astaíochtaí fíoraithe, i gcás suiteálacha agus oibreoirí aerárthaí. Nuair a chuirtear iad i gcomparáid, léiríonn siad nach le méid a bhaineann comhoiriúnacht an dá chórais ach le ceanglais cháilíochtúla, coinníollacha cothroime iomaíochta agus bearta chun sláine an mhargaidh a choimirciú.

Chun an Comhaontú Nasctha a chur chun feidhme agus gnóthachain éifeachtúlachta a chur chun cinn, cruthaíodh nasc teicniúil díreach idir clárlanna an dá chórais. Ceadaíonn sé d'eintitis rialáilte lamháltais a aistriú ó chuntas i gcóras amháin chuig cuntas i gcóras eile. Tá na haistrithe sceidealaithe, agus déantar iad dhá uair sa mhí go ginearálta. Ó 2023 ar aghaidh, déanfar an nasc clárlainne idir an dá chóras trádála astaíochtaí a fhorbairt de réir a chéile ionas gur tréith bhuan a bheidh ann. Leis sin, cuirfear feabhas ar leachtacht an mhargaidh agus ar fhorghníomhú na n-idirbheart idir an dá chóras nasctha amhail is gurb aon chóras amháin a bhí iontu. Beidh rannpháirtithe an mhargaidh in ann gníomhú amhail is go raibh siad in aon mhargadh amháin, nach mbeadh faoi réir ach ag rialacha rialála aonaracha an Aontais agus na hEilvéise. Ba cheart nasc buan a bheith curtha chun feidhme in 2024 ar a dhéanaí.

I dTábla 18 sa Doiciméad Inmheánach Oibre[109], cuirtear i láthair na héifeachtaí a bhain le CTA an Aontais agus CTA na hEilvéise a nascadh in 2022. Léiríonn sé a mhéid a d'úsáid eintitis rialáilte sa dá chóras lamháltais a eisíodh sa chóras eile le haghaidh comhlíontachta.

San iomlán, d'úsáid eintitis rialáilte in CTA AE (suiteálacha agus oibreoirí aerárthaigh araon) 971 170 lamháltas arna n-eisiúint faoi CTA na hEilvéise le haghaidh na comhlíontachta in 2022. Sin beagnach 83 200 lamháltas níos mó ná in 2021 agus beagnach 378 000 lamháltas níos mó ná in 2020, rud a thugann le fios go bhfuil úsáid na solúbthachta a sholáthraíonn an

[107] An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (IO L 322, 7.12.2017).

[108] SWD(2023) 346

[109] SWD(2023) 346

nasc idir CTA AE agus CTA na hEilvéise ag dul i méid. Baineadh amach é sin d'ainneoin níos lú lamháltais eitlíochta, arna n-eisiúint faoi CTA na hEilvéise i dtéarmaí coibhneasta, a bheith úsáidte ag oibreoirí aerárthaigh an Aontais (0,7 % in 2022 i gcomparáid le 1,5 % in 2021). Mar sin féin, cúitíodh cuid de sin mar gheall ar úsáid mhéadaithe lamháltais ghinearálta na hEilvéise (0,1 % in 2022 i gcomparáid le beagnach nialas in 2021).

An líon lamháltas ginearálta de chuid na hEilvéise a úsáideadh ar mhaithe leis an gcomhlíontacht ag suiteálacha san Aontas, d'fhan siad cobhsaí ag 394 722. Rud a bhí níos fearr fós, an líon lamháltas eitlíochta CTA de chuid na hEilvéise a d'úsáid suiteálacha in CTA AE ar mhaithe leis an gcomhlíontacht, tháinig méadú beagnach faoi thrí air, ó 63 410 in 2021 go dtí 173 650 in 2022. Úsáid mhéadaithe na lamháltas eitlíochta ar mhaithe leis an gcomhlíontacht, tugann sí le fios go bhfuil feasacht agus glacadh nasc CTA an Aontais agus CTA na hEilvéise ag méadú. I dtéarmaí coibhneasta, b'ionann lamháltais ghinearálta arna n-eisiúint faoi CTA na hEilvéise agus níos lú ná 0,03 % den iomlán a tugadh suas i CTA an Aontais in 2022. Mar sin fein, is é sciar níos suntasaí – beagnach 9,7 % de na lamháltais ghinearálta uile de chuid na hEilvéise arna leithdháileadh saor in aisce agus arna gcur ar ceant an bhliain sin, a bhí i gceist leis na lamháltais chéanna.

In ETS na hEilvéise, d'úsáid suiteálacha sciar ní b'ísle de lamháltais ghinearálta CTA an Aontais ar mhaithe leis an gcomhlíontacht in 2022 (6,2 %) i gcomparáid le 2021 (8,2 %). Sa dá bhliain, níor úsáid suiteálacha in CTA na hEilvéise lamháltais eitlíochta CTA an Aontais le haghaidh na comhlíontachta.

Déantar comhiomlánú i dTábla 18 den Doiciméad inmheánach oibre[110] ar na méideanna lamháltas (ginearálta agus eitlíochta araon) arna n-aistriú idir CTA an Aontais agus CTA na hEilvéise thar ceann rannpháirtithe sa mhargadh ó bhí 2020 ann. Go dtí seo, is in 2022 a bhí an líon ab airde d'aistrithe iomlána comhiomlánaithe. Léiríonn an iarmhéid stairiúil atá ann faoi láthair eis-sreabhadh 502 106 lamháltas ó CTA an Aontais chuig CTA na hEilvéise. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhféadfaí athaistrithe na lamháltas céanna a áireamh.

14. CTA AE i gcomhthéacs rialachas aeráide agus fuinnimh an Aontais

Feidhmíonn CTA AE laistigh den chomhthéacs níos leithne de bheartas aeráide agus fuinnimh an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2023/1791 (an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh)[111]. Tá athbhreithniú déanta air mar chuid de Oiriúnach do 55 freisin. Is é is aidhm don Treoir sin caomhnú fuinnimh a bhaint amach trí spriocanna agus oibleagáidí a leagan síos le haghaidh na mBallstát agus cuideachtaí. Féadfaidh comhartha praghais carbóin CTA an Aontais idirghníomhú dá réir sin le bearta agus gníomhaíochtaí beartais arna gcur chun feidhme chuige sin.

Leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, tugtar rialacha nua isteach chun laghdú 11,7 % a dhéanamh ar an ídiú fuinnimh deiridh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh in 2030. Rannchuideoidh na Ballstáit uile leis an sprioc sin a bhaint amach. Ina bpleananna

[110] SWD(2023) 346

[111] Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (athmhúnlú) (IO L 231, 20.9.2018).

comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFAnna), leagfaidh siad ranníocaíochtaí náisiúnta táscacha agus conairí síos chun an sprioc a bhaint amach faoi Rialachán 2018/1999[112] (an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide).

Cuireann comhartha faoi phraghas an charbóin de chuid CTA an Aontais le breithmheas infheistíochtaí agus bearta a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh sna hearnálacha cumhdaithe. Úsáideann Ballstáit ioncam ó cheant ó CTA AE chun feabhsúcháin le héifeachtúlacht fuinnimh a chistiú. In 2022, thuairiscigh siad caiteachas EUR 4,8 billiún chun tionscadail a bhain leis an éifeachtúlacht fuinnimh a chistiú. Áiríodh leis sin ní hamháin infheistíochtaí i nuachóiriú teirmeach na bhfoirgneamh, an chomhairleoireacht um éifeachtúlacht fuinnimh, mar aon le taighde agus forbairt, agus é de chuspóir leis sin uile an t-ídiú fuinnimh a laghdú, ach áiríodh bearta tacaíochta sóisialta leis an gcaiteachas freisin i bhfianaise na géarchéime fuinnimh.

Leagann PNFAnna amach an bealach a bheartaíonn na Ballstáit aghaidh a thabhairt ní hamháin ar an éifeachtúlacht fuinnimh, ach freisin ar chur in úsáid na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh, laghduithe ar astaíochtaí, éagsúlú tionsclaíoch, idirnaisc agus taighde agus nuálaíocht i gcomhthéacs spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais. D'fhéadfaí bearta a áireamh orthu chun dícharbónú earnálacha CTA AE a chur chun cinn, mar aon le bealaí chun ioncam CTA a úsáid ar mhaithe leis an aistriú glas agus cóir agus pleananna chun lamháltais CTA a chealú i bhfianaise é a bheith sceidealaithe deireadh a chur le breoslaí iontaise de réir a chéile chun leictreachas a ghiniúint.

Faoi Airteagal 14 den Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, bhí coinne leis go mbeadh dréacht-PNFAnna nuashonraithe na mBallstát curtha faoi bhráid an Choimisiúin acu faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2023. Leis na pleananna nuashonraithe sin, ba cheart a chur san áireamh na spriocanna aeráide níos uaillmhianaí de chuid an Aontais faoin Dlí Aeráide agus na leasuithe ar phríomhphíosaí de reachtaíocht fuinnimh agus aeráide an Aontais faoi Oiriúnach do 55. Faoi mhí na Nollag 2023, comhdhlúthóidh an Coimisiún measúnú ar fud an Aontais de na PNFAnna nuashonraithe agus eiseoidh sé moltaí tírshonracha. Sna pleananna nuashonraithe críochnaitheacha, atá le bheith istigh faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2024, beidh coinne leis go mbeidh aghaidh tugtha ag na Ballstáit ar mholtaí an Choimisiúin.

15. Conclúidí agus forléargas

In earnálacha CTA, bhí lorg éifeachtaí na géarchéime fuinnimh san Eoraip le feiceáil in 2022. Tháinig méadú ar astaíochtaí ó ghiniúint an leictreachais agus an teasa mar gheall ar úsáid mhéadaithe an ghuail, arbh é praghsanna ní b'airde an gháis nádúrtha a spreag an úsáid mhéadaithe sin. Ba é an tionscal monaraíochta go príomha a spreag an laghdú foriomlán ar

[112] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018).

astaíochtaí ó shuiteálacha CTA, agus difear déanta ag praghsanna ní b'airde ar bhreosla agus ar fhuinneamh don tionscal sin.

D'ainneoin an suaitheadh arbh í an ghéarchéim fuinnimh in earnálacha CTA ba chúis leis, lean CTA an Aontais d'fheidhmiú go rianúil. Is in ísle fós a bhí treocht na n-astaíochtaí ó shuiteálacha, i gcomparáid leis an leibhéal a bhí ann in 2019 roimh an bpaindéim. Leanadh de lamháltais a chur ar ceant mar a bhí beartaithe. Seachas ísliú gearrthéarmach a tharla i gcomhthráth le tosú ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin, d'fhan an comhartha faoi phraghas an charbóin láidir.

Lean Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh den bharrachas lamháltas a bhaint de CTA an Aontais, rud a chothaigh margadh carbóin cothrom agus athléimneach. Neamhbhailigh an Cúlchiste breis agus 2,5 billiún lamháltas den bharrachas stairiúil freisin. Is mó an méid sin ná na creidmheasanna idirnáisiúnta uile a úsáideadh ar mhaithe leis an gcomhlíontacht in CTA an Aontais go dtí seo.

D'fhág comhartha láidir faoi phraghas an charbóin in 2022 gurbh airde ioncam ceantála CTA an Aontais – beagnach 39 mbilliún. Is ar na Ballstáit go príomha a dáileadh an t-ioncam sin agus is chun tacú le gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid agus fuinneamh go príomha a d'úsáid siad é, lena n-áirítear bearta chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí na géarchéime fuinnimh agus chun cuidiú le daoine agus le gnólachtaí. Lena chois sin, chuidigh eisíocaíochtaí ón gCiste don Nuachóiriú chun nuachóiriú earnáil an fhuinnimh a chur ar aghaidh sna Ballstáit uile is tairbhithe, agus trí bhíthin an Chiste don Nuálaíocht díríodh acmhainní suntasacha i dtreo chlaochlú an fhuinnimh agus an tionscail.

Is meán ríthábhachtach ar mhaithe leis an aistriú glas é CTA AE fós. I dteannta na praghsála carbóin, sa ghearrthéarma, cuideoidh sé le bearta a chistiú faoi phlean REPowerEU chun borradh a chur faoin gcaomhnú fuinnimh, soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun dlús a chur leis an bhfuinneamh inathnuaite a chur in úsáid. Leis an athbhreithniú ar Threoir CTA, láidrítear an córas chun dreasachtaí a chruthú ar mhaithe leis an dícharbónú fadtéarmach agus chun an gaibhniú carbóin a dhíspreagadh. Agus raon feidhme CTA an Aontais leathnaithe chun an earnáil mhuirí a chumhdach ó 2024 agus CTA 2, le haghaidh foirgneamh, an iompair ar bhóthar agus an tionscail astaírí beaga, á sheoladh in 2027, cumhdófar trí cheathrú de gheilleagar an Aontais leis an bpraghsáil carbóin. Ina theannta sin, déanann an córas tuilleadh acmhainní a ghiaráil chun tacú le daoine agus le gnólachtaí san aistriú glas.